

# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta \*  
17 Meitheamh 2021



An t-eagrán Gaeilge

## Reachtaíocht

Clár

### II Gníomhartha neamhrechtacha

#### RIALACHÁIN

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/965 ón gCoimisiún an 9 Meitheamh 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/194 a mhéid a bhaineann le taifid atá i seilbh daoine inchánach nó a n-idirghabhálaithe a mhalartú agus le húdaráis inniúla a ainmniú a bheidh freagrach as fiosrúcháin riaracháin a chomhordú ..... 1
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/966 ón gCoimisiún an 11 Meitheamh 2021 lena ndeonaítear maolú sealadach do Cabo Verde ar na rialacha maidir le tionscnamh fabhrach a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446, i leith filléid tuinnín ullmhaithe nó leasaithe, filléid ronnach ullmhaithe nó leasaithe agus filléid tuinnín frigéid nó filléid ronnach frigéid ullmhaithe nó leasaithe ..... 34
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/967 ón gCoimisiún an 16 Meitheamh 2021 maidir leis an athnuachan ar údarú crágaigh mangainéise d'analóg hidrocso meitiainín mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 350/2010 <sup>(1)</sup> ..... 41
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/968 ón gCoimisiún an 16 Meitheamh 2021 maidir le hathnuachan a dhéanamh ar údarú crágaigh sinice d'analóg hidrocso meitiainín mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 335/2010 <sup>(1)</sup> ..... 45
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/969 ón gCoimisiún an 16 Meitheamh 2021 maidir le húdarú L-tréoinín arna tháirgeadh ag *Escherichia coli* CGMCC 13325 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch <sup>(1)</sup> ..... 49
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/970 ón gCoimisiún an 16 Meitheamh 2021 lena gcuirtear allmhairí de cheanglóirí áirithe iarainn nó cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir clárú ..... 53

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

## TREORACHA

- ★ **Treoir Cur Chun Feidhme (AE) 2021/971 ón gCoimisiún an 16 Meitheamh 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 66/401/CEE ón gComhairle maidir le síol plandaí farae a mhargú, Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 66/402/CEE ón gComhairle maidir le síol gránach a mhargú, Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2002/54/CE ón gComhairle maidir le síol biatais a mhargú, Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2002/55/CE ón gComhairle maidir le síol glasraí a mhargú agus Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2002/57/CE ón gComhairle maidir le síol plandaí ola agus plandaí snáithín a mhargú, a mhéid a bhaineann le húsáid teicnící bithcheimiceacha agus móilíneacha** ..... 62

## CINNTÍ

- ★ **Cinneadh (AE) 2021/972 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Ghinearálta na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir leis an iarraidh ón Aontas Eorpach go gcuirfear síneadh ama le tarscaoileadh EDT lena gceadaítear fabhair uathrialacha trádála do na Balcáin Thiar** ..... 66

---

## Ceartúcháin

- ★ **Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2021/850 ón gCoimisiún an 26 Bealtaine 2021 lena leasaítear agus lena gceartaítear Iarscríbhinn II agus lena leasaítear Iarscríbhinní III, IV agus VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosmaideacha (IO L 188, 28.5.2021) (IO L 0, 28.5.2021)** ..... 68

## II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

## RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/965 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Meitheamh 2021

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/194 a mhéid a bhaineann le taifid atá i seilbh daoine inchánach nó a n-idirghabhálaithe a mhalartú agus le húdaráis inniúla a ainmniú a bheidh freagrach as fiosrúcháin riaracháin a chomhordú**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 an 7 Deireadh Fómhair 2010 ón gComhairle maidir le comhar riaracháin agus maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise i réimse na cánach breisluacha <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 47l (a) agus (b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Caibidil 6 de Theideal XII de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle <sup>(2)</sup>, lena ndéantar foráil maidir le scéimeanna speisialta le haghaidh daoine inchánach a sholáthraíonn seirbhísí áirithe, leasaíodh í le Treoracha (AE) 2017/2455 <sup>(3)</sup> agus (AE) 2019/1995 <sup>(4)</sup> ón gComhairle chun síneadh a chur leis na scéimeanna speisialta.
- (2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/194 ón gCoimisiún <sup>(5)</sup>, glacadh rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann leis na scéimeanna speisialta do dhaoine inchánach a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine neamh-inchánach, agus a dhéanann ciandíolacháin earraí agus soláthairtí baile áirithe earraí (“scéimeanna speisialta”).
- (3) Le Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 leagtar síos rialacha maidir le comhar riaracháin agus maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise i réimse na cánach breisluacha (CBL). Go sonrach, le hAirteagail 47i agus 47j den Rialachán sin, arna leasú le Rialachán (AE) 2017/2454 ón gComhairle <sup>(6)</sup>, leagtar síos na bearta is gá chun rialú a dhéanamh ar na hidirbhearta a dhéanann daoine inchánach trí cheann de na scéimeanna speisialta a úsáid.
- (4) Fágann na scéimeanna speisialta gur féidir le daoine inchánach CBL a dhearbhu agus a íoc le haghaidh soláthairtí áirithe earraí agus seirbhísí sa Bhallstát ina bhfuil siad bunaithe (an Ballstát aitheantais) seachas a cheangal orthu clárú agus CBL a dhearbhu agus a íoc i ngach Ballstát ina soláthraíonn siad na hearraí nó na seirbhísí sin (an Ballstát tomhaltais). Cuireann an Ballstát aitheantais na tuairisceáin CBL agus na híocaíochtaí ar aghaidh chuig an mBallstát tomhaltais faoi seach. Ba cheart don Bhallstát tomhaltais a bheith in ann cruinneas na soláthairtí dearbhaithe a sheiceáil agus iniúchadh a dhéanamh ar na daoine inchánach trí iarraidh orthu taifid a sholáthar maidir leis na soláthairtí sin.

<sup>(1)</sup> IO L 268, 12.10.2010, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Treoir (AE) 2017/2455 ón gComhairle an 5 Nollaig 2017 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE agus Treoir 2009/132/CE maidir le hoibleagáidí cánach breisluacha áirithe maidir le soláthairtí seirbhísí agus ciandíolacháin earraí (IO L 348, 29.12.2017, lch. 7).

<sup>(4)</sup> Treoir (AE) 2019/1995 ón gComhairle an 21 Samhain 2019 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le forálacha i ndáil le ciandíolacháin earraí agus soláthairtí baile áirithe earraí (IO L 310, 2.12.2019, lch. 1).

<sup>(5)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/194 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2020 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle, a mhéid a bhaineann leis na scéimeanna speisialta do dhaoine inchánach a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine neamh-inchánach, agus a dhéanann ciandíolacháin earraí agus soláthairtí baile áirithe earraí (IO L 40, 13.2.2020, lch. 114).

<sup>(6)</sup> Rialachán (AE) 2017/2454 ón gComhairle an 5 Nollaig 2017 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 maidir le comhar riaracháin agus maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise i réimse na cánach breisluacha (IO L 348, 29.12.2017, lch. 1).

- (5) Déanfar gach malartú faisnéise agus taifead idir na Ballstáit trí líonra slán atá ar fáil ar leibhéal an Aontais a úsáid.
- (6) Chun malartú faisnéise agus taifead a éascú maidir le hidirbhearta arna ndéanamh ag daoine inchánach trí úsáid a bhaint as ceann de na scéimeanna speisialta, ba cheart don Bhallstát aitheantais a bheith ábalta a fhíorú, tar éis dó iarraidh ar fhaisnéis a fháil, go mbaineann an iarraidh le duine inchánach a úsáideann ceann de na scéimeanna speisialta agus cé hé an duine inchánach lena mbaineann an iarraidh sin agus ba cheart dó a bheith ábalta an cineál taifead arna hiarraidh ag an mBallstát tomhaltais a shainaithint.
- (7) Chun soláthar faisnéise agus taifead don Bhallstát aitheantais a éascú, ba cheart do dhaoine inchánach a úsáideann ceann de na scéimeanna speisialta nó dá n-idirghabhálaithe a bheith in ann foirm chaighdeánach a úsáid i bhformáid inléite. A bhfuil leis sin d'fhéadfadh an Ballstát aitheantais freagra a thabhairt don Bhallstát tomhaltais laistigh de 30 lá ón dáta a rinneadh an iarraidh, i gcomhréir le hAirteagal 47i(5) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010.
- (8) Le fiosrúcháin riaracháin a dhéantar maidir le daoine inchánach a bhaineann úsáid as ceann de na scéimeanna speisialta, níor cheart ualaí riaracháin nach bhfuil gá leo a chruthú don Bhallstát aitheantais. Chuige sin, ba cheart don Bhallstát aitheantais gach Ballstát eile a chur ar an eolas roimh ré faoi fhiosrúcháin riaracháin a bhaineann le daoine inchánach a bhaineann úsáid as ceann de na scéimeanna speisialta a bhfuil sé beartaithe aige a dhéanamh. San fhógra uaidh, ba cheart don Bhallstát aitheantais dóthain sonraí a thabhairt do na Ballstáit eile lena bhféadfaidh siad an duine inchánach agus raon feidhme an fhiosrúcháin riaracháin atá beartaithe a shainaithint. Leis an bhfógra, ba cheart dóthain ama a thabhairt do na Ballstáit eile chun freagra a thabhairt.
- (9) Chun feidhmiú ceart riaracháin na scéimeanna speisialta a cheadú agus chun rialú agus iniúchadh ar dhaoine inchánach a bhaineann úsáid astu a éascú, ba cheart do na Ballstáit sonraí teagmhála an duine atá freagrach as na hábhair sin a chomhordú i ngach Ballstát a mhalartú chun cumarsáid éifeachtach a éascú.
- (10) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/194 a leasú dá réir.
- (11) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta céanna a bheidh feidhm ag forálacha Chaibidil 6 de Theideal XII de Threoir 2006/112/CE arna leasú le Treoracha (AE) 2017/2455 agus (AE) 2019/1995, agus na leasuithe comhfhreagracha a rinneadh ar Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 le Rialachán (AE) 2017/2454.
- (12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Chomhar Riaracháin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/194 mar a leanas:

- (1) cuirtear isteach na hAirteagail 6a, 6b agus 6c seo a leanas:

*“Airteagal 6a*

#### **Taifid atá i seilbh daoine inchánach nó a n-idirghabhálaithe a mhalartú**

1. Déanfaidh an Ballstát tomhaltais taifid atá i seilbh duine inchánach nó a idirghabhálaí de bhun Airteagail 369, 369k agus 369x de Threoir 2006/112/CE a iarraidh ar an mBallstát aitheantais trí úsáid a bhaint as an bhfoirm chaighdeánach dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2019) 2866 ón gCoimisiún (\*). Déanfaidh an Ballstát tomhaltais an fhoirm chaighdeánach a tharchur trí mheáin leictreonacha tríd an líonra cumarsáide coiteann/tríd an gcomhéadan coiteann córas (CCN/CSI).

Áireoidh an Ballstát tomhaltais an fhaisnéis seo a leanas san fhoirm chaighdeánach:

- (a) ráiteas ina gcuirtear in iúl go ndéantar an iarraidh faoi Airteagal 47i(1) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010;
- (b) ainm an duine inchánach agus ainm an idirghabhálaí, má cheaptar idirghabhálaí;

- (c) an uimhir aitheantais CBL arna leithdháileadh ag an mBallstát aitheantais ar an duine inchánach nó ar an idirghabhálaí i leith an duine inchánach arna ionadú ag an idirghabhálaí;
  - (d) na tréimhsí cánach a chumhdaítear leis an iarraidh;
  - (e) an cineál taifead a iarrtar.
2. Déanfaidh an Ballstát aitheantais na taifid a bailíodh ón duine inchánach nó a idirghabhálaí a tharchur chuig an mBallstát tomhaltais trí úsáid a bhaint as an bhfoirm dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2019) 2866. Déanfar an fhoirm chaighdeánach a tharchur go leictreonach trí líonra CCN/CSI.
3. Beidh an fhaisnéis seo a leanas san áireamh sa teachtaireacht leictreonach atá le seoladh ag an mBallstát aitheantais chuig údaráis inniúla na mBallstát eile de bhun Airteagal 47j(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010:
- (a) ráiteas ina gcuirtear in iúl go seoltar an teachtaireacht leictreonach faoi Airteagal 47j(1) nó (2) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010;
  - (b) ainm an duine inchánach agus ainm an idirghabhálaí, má cheaptar idirghabhálaí;
  - (c) an uimhir aitheantais CBL arna leithdháileadh ag an mBallstát aitheantais ar an duine inchánach nó ar an idirghabhálaí i leith an duine inchánach arna ionadú ag an idirghabhálaí;
  - (d) na tréimhsí cánach a chumhdaítear leis an bhfiosrúchán riaracháin;
  - (e) raon feidhme an fhiosrúcháin riaracháin atá beartaithe;
  - (f) an dáta faoina dtabharfaidh údaráis inniúla na mBallstát eile freagra ar an teachtaireacht leictreonach.

Seolfaidh an Ballstát aitheantais an teachtaireacht leictreonach chuig na Ballstáit eile trí líonra CCN/CSI a úsáid.

4. Rachaidh an Ballstát tomhaltais i gcomhairle leis an mBallstát aitheantais de bhun Airteagal 47j(2) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 trí bhíthin na foirme caighdeánaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2019) 2866 agus go leictreonach trí líonra CCN/CSI. Áireoidh an Ballstát tomhaltais an fhaisnéis seo a leanas san fhoirm chaighdeánach:
- (a) ainm an duine inchánach agus ainm an idirghabhálaí, má cheaptar idirghabhálaí;
  - (b) an uimhir aitheantais CBL arna leithdháileadh ag an mBallstát aitheantais ar an duine inchánach nó ar an idirghabhálaí i leith an duine inchánach arna ionadú ag an idirghabhálaí;
  - (c) na tréimhsí cánach a chumhdaítear leis an bhfiosrúchán riaracháin;
  - (d) raon feidhme an fhiosrúcháin riaracháin atá beartaithe.

Má chomhaontaíonn an Ballstát aitheantais fiosrúchán riaracháin a sheoladh, ba cheart don Bhallstát sin na Ballstáit eile a chur ar an eolas tríd an teachtaireacht dá dtagraítear i mír 3.

#### *Airteagal 6b*

### **Foirm chaighdeánach chun taifid atá i seilbh an duine inchánach nó a idirghabhálaí/hidirghabhálaí a chur faoi bhráid an Bhallstáit aitheantais**

San fhoirm chaighdeánach dá dtagraítear in Airteagal 47i(3) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 leanfar an struchtúr a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.

#### *Airteagal 6c*

### **Údarás inniúil a ainmniú a bheidh freagrach as fiosrúcháin riaracháin a chomhordú**

Ar shonraí teagmhála an údaráis inniúil atá freagrach as fiosrúcháin riaracháin a chomhordú i ngach Ballstát i ndáil le daoine inchánach a bhaineann úsáid as ceann de na scéimeanna speisialta, áireofar an t-ainm, an roinn, an seoladh, an uimhir theileafóin agus an seoladh ríomhphoist atá le húsáid chun teagmháil a dhéanamh leis an údarás inniúil sin.

Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil do na Ballstáit eile agus don Choimisiún trí líonra CCN/CSI a úsáid.

(\*) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2019) 2866 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle i dtaca leis na foirmeacha caighdeánacha, leis an gceadú uathoibrithe ar fhaisnéis áirithe agus leis an gcomhaontú ar leibhéal seirbhíse.”;

(2) cuirtear isteach Iarscríbhinn IV nua, a leagtar a téacs amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

#### *Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9 Meitheamh 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

---

## IARSCRÍBHINN

## IARSCRÍBHINN IV

**Struchtúr XML le haghaidh na foirme caighdeánaí is féidir leis an gcáiníocóir nó a idirghabhálaí a úsáid chun taifid a iarrtar de bhun Airteagal 47i de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a chur isteach**

Leagtar amach san Iarscríbhinn seo struchtúr XML le haghaidh na foirme caighdeánaí is féidir le cáiníocóirí nó idirghabhálaithe a úsáid chun taifid a iarrtar de bhun Airteagal 47i de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a chur isteach.

Áirítear sa struchtúr seo, i ngach réimse:

- (a) innéacs réimse, chun ordlathas gach oibiachta/réimse a léiriú;
- (b) táscaire '\*' chun a aithint má tá an réimse éigeantach nó mura bhfuil. ciallaíonn '\*\*' nach mór rogha a dhéanamh idir réimsí;
- (c) ainm réimse;
- (d) nótaí teicniúla, chun cad é ba cheart a líonadh isteach agus an dóigh leis sin a dhéanamh a mhíniú go díreach;
- (e) formáid agus toise atá le bailíochtú ar chomhad Sainithe Scéimre XML (XSD);
- (f) i gcás inarb ábhartha, tagairtí d'Airteagal 63c de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle\*.

Is iad na táblaí seo a leanas atá sa struchtúr atá beartaithe:

- (1) Header
- (2) MasterFiles
  - (2.1) Customer
- (3) SourceDocuments
  - (3.1) Transactions
  - (3.2) MovementOfGoods

**1 - \* Header**

Is í an fhaisnéis ghinearálta a bhaineann leis an gcáiníocóir dá ndéantar tagairt sna taifid atá sa tábla 'Header'.

| Réimse Innéacs | Ri-ach-tan-ach | Ainm an Réimse           | Nótaí Teicniúla  | Formáid agus toise atá le bailíochtú ar chomhad XSD | Airteagal 63c |
|----------------|----------------|--------------------------|--|---|---------------|
| 1.1            | *              | SAF-OSSFileVersion       | An Leagan SAF-OSS atá á úsáid a shainaithint.  | Teaghrán  |               |
| 1.2            | *              | SAF-OSSFileDateCreated   | Dáta táirgthe SAF-OSS san fhormaid BBBB-MM-LL.   | Dáta  |               |
| 1.3            | *              | SAF-OSSFileCountry       | Cód tíre dhá litir de réir chaighdeán ISO 3166-1 alpha 2. Mar shampla, CA i gcás Cheanada.<br><br>Ní mór an réimse seo a líonadh isteach le cód tíre tionscnaimh an duine inchánach. | Teaghrán-2  |               |
| 1.4            | *              | OSSVATRegistrationNumber | Le líonadh isteach leis an Uimhir Chláraithe CBL arna sannadh ag an mBallstát aitheantais.   | Teaghrán-12   |               |

|          |    |                      |   |                  |  |
|----------|----|----------------------|---|------------------|--|
| 1.5      | *  | CompanyName          | Ainmniú oifigiúil na cuideachta nó an cháiniócóra.  | Neamhbhain-teach |  |
| 1.5.1    | ** | NameFree             | An t-ainm i bhformáid shaor.  | Teaghrán         |  |
| 1.5.2    | ** | NameStruct           |   | Neamhbhain-teach |  |
| 1.5.2.1  |    | PrecedingTitle       | An teideal roimhe seo, mar shampla 'A Soilse'.  | Teaghrán         |  |
| 1.5.2.2  |    | Title                | An liosta teideal, mar shampla 'an tUasal', 'An Bhean Uasal', 'An Dochtúir'.<br>Más gá níos mó ná tagairt amháin a dhéanamh, is féidir an eilimint seo a ghiniúint an méid uaireanta is gá. | Teaghrán         |  |
| 1.5.2.3  | *  | FirstName            | An céadainm.  | Teaghrán         |  |
| 1.5.2.4  |    | MiddleName           | An liosta dara hainmneacha.<br>Más gá níos mó ná tagairt amháin a dhéanamh, is féidir an eilimint seo a ghiniúint an méid uaireanta is gá.  | Teaghrán         |  |
| 1.5.2.5  |    | NamePrefix           | Réimír an ainm, mar shampla 'von'.  | Teaghrán         |  |
| 1.5.2.6  | *  | LastName             | Sloinne/ainm teaghlaigh.  | Teaghrán         |  |
| 1.5.2.7  |    | GenerationIdentifier | An liosta aitheantóirí glúine, mar shampla 'óg', 'Sean-'.<br>Más gá níos mó ná tagairt amháin a dhéanamh, is féidir an eilimint seo a ghiniúint an méid uaireanta is gá.                    | Teaghrán         |  |
| 1.5.2.8  |    | Suffix               | An liosta iarmhíreanna, mar shampla, 'PhD', 'UOM'.<br>Más gá níos mó ná tagairt amháin a dhéanamh, is féidir an eilimint seo a ghiniúint an méid uaireanta is gá.                           | Teaghrán         |  |
| 1.5.2.9  |    | GeneralSuffix        | Iarmhír ghinearálta (mar shampla, 'Ar scor').   | Teaghrán         |  |
| 1.5.2.10 |    | MaidenName           | Iarshloinne, mar shampla sloinne réamhphósta.   | Teaghrán         |  |
| 1.5.3    |    | NameFree             |   | Teaghrán         |  |
| 1.6      |    | BusinessName         | Ainmníocht tráchtála an duine inchánach.  | Teaghrán         |  |
| 1.7      | *  | StartDate            | Is é dáta an chéad lae den tréimhse tuairiscithe le haghaidh an chomhaid XML seo atá san eilimint StartDate, san fhoráid BBBB-MM-LL.  | Dáta             |  |
| 1.8      | *  | EndDate              | Is é dáta lá deiridh na tréimhse tuairiscithe le haghaidh an chomhaid XML seo atá san eilimint EndDate, san fhoráid BBBB-MM-LL.   | Dáta             |  |



|        |   |               |  |                 |  |
|--------|---|---------------|--|-----------------|--|
| 1.9    | * | CurrencyCode  | Sainaitnítear leis seo an t-airgeadra caighdeánach atá le húsáid i réimsí na gcineálacha airgeadaíochta, is é sin 'EUR'.   | Teaghrán-3      |  |
| 1.10   |   | DataLocation  | Le líonadh isteach le haitheantas an tsoláthraí seirbhíse ar a gcoimeádtar na sonraí agus/nó le haitheantas an tríú páirtí a eisíonn doiciméid thar ceann an duine inchánach.<br><br>Más gá níos mó ná tagairt amháin a dhéanamh, is féidir an eilimint seo a ghiniúint an méid uaireanta is gá. | Neamhbhainteach |  |
| 1.10 1 |   | ProviderTaxID | Le líonadh isteach le huimhir aitheantais chánach/uimhir chlárúcháin chánach an tsoláthraí seirbhíse agus/nó le huimhir aitheantais chánach/uimhir chlárúcháin chánach an tríú páirtí a eisíonn doiciméid thar ceann an duine inchánach.   | Teaghrán        |  |
| 1.10 2 |   | ProviderName  | Le líonadh isteach le hainm an tsoláthraí seirbhíse agus/nó le hainm an tríú páirtí a eisíonn doiciméid thar ceann an duine inchánach.   | Teaghrán        |  |
| 1.10 3 |   | Country       | Ní mór an réimse seo a líonadh isteach de réir chaighdeán Eorpach <b>ISO 3166-1-alpha-2</b> .<br><br>Le líonadh isteach le cód tíre na tíre ina gcoimeádtar sonraí agus/nó le cód tíre tionscnaimh an tríú páirtí.   | Teaghrán-2      |  |
| 1.11   |   | HeaderComment | Nótaí breise.  | Teaghrán        |  |
| 1.12   |   | Telephone     | Ní mór glaochód na tíre a chur isteach sa réimse seo.<br><br>Más gá níos mó ná tagairt amháin a dhéanamh, is féidir an eilimint seo a ghiniúint an méid uaireanta is gá.   | Teaghrán-20     |  |
| 1.13   |   | Email         | Más gá níos mó ná tagairt amháin a dhéanamh, is féidir an eilimint seo a ghiniúint an méid uaireanta is gá.  | Teaghrán        |  |
| 1.14   |   | Website       |  | Teaghrán        |  |

## 2- \* MasterFiles

### 2.1 Customer

Liosta custaiméirí atá sa tábla 'Customer'.

| Réimse Innéacs | Ri-ach-tan-ach | Ainm an Réimse | Nótaí Teicniúla   | Formáid agus Toise atá le bailíochtú ar chomhad XSD | Airteagal 63c |
|----------------|----------------|----------------|---|---|---------------|
| 2.1 1          | *              | CustomerID     | Ní bheidh níos mó ná clárúchán amháin leis an CustomerID céanna sa liosta cliant. | Teaghrán  |               |

|           |    |                      |   |                  |                |
|-----------|----|----------------------|---|------------------|----------------|
| 2.1.2     |    | CustomerTaxID        | Le líonadh isteach leis an uimhir aitheantais chánach/uimhir chlárúcháin chánach, más eol sin.  | Teaghrán         |                |
| 2.1.3     |    | TaxCountryID         | Le líonadh isteach leis an gcód tíre dhá litir de réir chaighdeán ISO 3166-1 alpha 2 na tíre a sholáthair an uimhir aitheantais chánach/an uimhir chlárúcháin chánach.  | Teaghrán-2       |                |
| 2.1.4     |    | CustomerName         | Le líonadh isteach má iarrtar é agus má tá sonrasc eisithe.   | Neamhbhain-teach | 1 (j)<br>2 (i) |
| 2.1.4.1   | *  | NameType             | Ní mór seo a líonadh isteach leis an méid seo a leanas:<br>“indiv” - Duine aonair<br>“alias” - Murach sin, darb ainm<br>“nick” - Leasainm<br>“aka” - Dá ngairtear freisin<br>“dba” - Ag déanamh gnó i gcáil<br>“legal” - Ainm dlíthiúil<br>“atbirth” - Ainm tráth breithe<br>“unknown” - murar eol an t-ainm atá i gceist, líon isteach ‘Unknown’ | Teaghrán         |                |
| 2.1.4.2   | ** | NameFree             | An t-ainm i bhformáid shaor.  | Teaghrán         |                |
| 2.1.4.3   | ** | NameStruct           |   | Neamhbhain-teach |                |
| 2.1.4.3.1 |    | PrecedingTitle       | An teideal roimhe seo, mar shampla ‘A Soilse’.  | Teaghrán         |                |
| 2.1.4.3.2 |    | Title                | An liosta teideal, mar shampla ‘an tUasal’, ‘An Bhean Uasal’, ‘An Dochtúir’.<br>Más gá níos mó ná tagairt amháin a dhéanamh, is féidir an eilimint seo a ghiniúint an méid uaireanta is gá.   | Teaghrán         |                |
| 2.1.4.3.3 | *  | FirstName            | An céadainm.  | Teaghrán         |                |
| 2.1.4.3.4 |    | MiddleName           | An liosta dara hainmneacha.<br>Más gá níos mó ná tagairt amháin a dhéanamh, is féidir an eilimint seo a ghiniúint an méid uaireanta is gá.  | Teaghrán         |                |
| 2.1.4.3.5 |    | NamePrefix           | Réimír an ainm, mar shampla ‘von’.  | Teaghrán         |                |
| 2.1.4.3.6 | *  | LastName             | Sloinne/ainm teaghlaigh.  | Teaghrán         |                |
| 2.1.4.3.7 |    | GenerationIdentifier | An liosta aitheantóirí glúine, mar shampla ‘óg’, ‘Sean’.<br>Más gá níos mó ná tagairt amháin a dhéanamh, is féidir an eilimint seo a ghiniúint an méid uaireanta is gá.   | Teaghrán         |                |

|            |    |                    |  |                 |                |
|------------|----|--------------------|--|-----------------|----------------|
| 2.1.4.3.8  |    | Suffix             | An liosta iarmhíreanna, mar shampla, 'PhD', UOM.<br>Más gá níos mó ná tagairt amháin a dhéanamh, is féidir an eilimint seo a ghiniúint an méid uaireanta is gá.  | Teaghrán        |                |
| 2.1.4.3.9  |    | GeneralSuffix      | Iarmhír ghinearálta (mar shampla, 'Ar scor').  | Teaghrán        |                |
| 2.1.4.3.10 |    | MaidenName         | Iarshloinne, mar shampla sloinne réamhphósta.  | Teaghrán        |                |
| 2.1.4.4    |    | NameFree           |  | Teaghrán        |                |
| 2.1.5      |    | BillingAddress     | Más gá níos mó ná tagairt amháin a dhéanamh, is féidir an eilimint seo a ghiniúint an méid uaireanta is gá.  | Neamhbhainteach | 1 (j)<br>2 (i) |
| 2.1.5.1    | *  | BillingAddressID   | Eochair uathúil le haghaidh gach seolta billeála.  | Slánuimhir      |                |
| 2.1.5.2    | ** | AddressFree        | An seoladh i bhformáid shaor (ní mór an cód poist a bheith san áireamh leis seo má tá sé ar fáil).<br>Más ann do AddressFree, ní mór an seoladh a bheith ann mar ba cheart dó a bheith ar chlúdach litreach, agus ba cheart carachtar aisfhillte carráiste a bheith idir gach líne.<br>Murar eol an seoladh atá i gceist, líon isteach 'Unknown' | Teaghrán        |                |
| 2.1.5.3    | ** | AddressStruct      |  | Teaghrán        |                |
| 2.1.5.3.1  |    | Street             | Ainm na sráide.  | Teaghrán        |                |
| 2.1.5.3.2  |    | BuildingIdentifier | Aitheantóir an fhoirgnimh ar an tsráid, uimhir a bhíonn i gceist de ghnáth.  | Teaghrán        |                |
| 2.1.5.3.3  |    | SuiteIdentifier    | Aitheantóir oifige nó cuid chomhchosúil d'fhoirgneamh.   | Teaghrán        |                |
| 2.1.5.3.4  |    | FloorIdentifier    | Aitheantóir urláir laistigh d'fhoirgneamh.   | Teaghrán        |                |
| 2.1.5.3.5  |    | DistrictName       | Ainm cheantar an tseolta.  | Teaghrán        |                |
| 2.1.5.3.6  |    | POB                | An bosca oifige poist.   | Teaghrán        |                |
| 2.1.5.3.7  |    | PostCode           | An cód poist (ní mór é seo a sholáthar má tá sé ar fáil).  | Teaghrán        |                |
| 2.1.5.3.8  | *  | City               | Murar eol an seoladh atá i gceist, líon isteach 'Unknown'  | Teaghrán        |                |
| 2.1.5.3.9  |    | CountrySubentity   | Limistéar geografach den tír, limistéar atá níos mó ná ceantar nó cathair, mar shampla contae, roinn, Críoch, cantún.  | Teaghrán        |                |

|            |    |                    |   |                 |                              |
|------------|----|--------------------|---|-----------------|------------------------------|
| 2.1.5.3.10 |    | OtherLocalId       | Comhpháirt eile den seoladh.  | Teaghrán        |                              |
| 2.1.5.4    |    | AddressFree        | An seoladh i bhformáid shaor (ní mór an cód poist a bheith san áireamh leis seo má tá sé ar fáil).<br><br>Más ann do AddressFree, ní mór an seoladh a bheith ann mar ba cheart dó a bheith ar chlúdach litreach, agus ba cheart carachtar aisfhille carráiste a bheith idir gach líne.  | Teaghrán        |                              |
| 2.1.5.5    | *  | Country            | Más eol cén tír atá i gceist, ní mór an réimse a líonadh isteach de réir chaighdeán Eorpach <b>ISO 3166-1-alpha-2</b> .<br><br>Cód tíre dhá litir an tseolta.<br>Murar eol an tír atá i gceist, líon isteach 'ZZ'   | Teaghrán – 2    |                              |
| 2.1 6      |    | ShipToAddress      | Más gá níos mó ná tagairt amháin a dhéanamh, is féidir an eilimint seo a ghiniúint an méid uaireanta is gá.<br><br>Le líonadh isteach leis na buanáiteanna seachadta éagsúla atá aitheanta agus a bhaineann le comhad an chustaiméara. Má luaitear áit éagsúil seachadta i ndoiciméad iompair nó i sonrasc nach mbeidh sa chomhad custaiméara lena úsáid amach anseo, ní gá í a lua san eilimint seo. | Neamhbhainteach | 1(a)<br>1(k)<br>2(a)<br>2(j) |
| 2.1.6.1    | ** | AddressFree        | An seoladh i bhformáid shaor (ní mór an cód poist a bheith san áireamh leis seo má tá sé ar fáil).<br><br>Más ann do AddressFree, ní mór an seoladh a bheith ann mar ba cheart dó a bheith ar chlúdach litreach, agus ba cheart carachtar aisfhille carráiste a bheith idir gach líne.  | Teaghrán        |                              |
| 2.1.6.2    | ** | AddressStruct      |   | Teaghrán        |                              |
| 2.1.6.2.1  |    | Street             | Ainm na sráide.   | Teaghrán        |                              |
| 2.1.6.2.2  |    | BuildingIdentifier | Aitheantóir an fhoirgnimh ar an tsráid, uimhir a bhíonn i gceist de ghnáth.   | Teaghrán        |                              |
| 2.1.6.2.3  |    | SuiteIdentifier    | Aitheantóir oifige nó cuid chomhchosúil d'fhoirgneamh.  | Teaghrán        |                              |
| 2.1.6.2.4  |    | FloorIdentifier    | Aitheantóir urláir laistigh d'fhoirgneamh.  | Teaghrán        |                              |

|            |   |                  |  |             |  |
|------------|---|------------------|--|-------------|--|
| 2.1.6.2.5  |   | DistrictName     | Ainm cheantar an tseolta.  | Teaghrán    |  |
| 2.1.6.2.6  |   | POB              | An bosca oifige poist.   | Teaghrán    |  |
| 2.1.6.2.7  |   | PostCode         | An cód poist (ní mór é seo a sholáthar má tá sé ar fáil).  | Teaghrán    |  |
| 2.1.6.2.8  | * | City             |  | Teaghrán    |  |
| 2.1.6.2.9  |   | CountrySubentity | Limistéar geografach den tír, limistéar atá níos mó ná ceantar nó cathair, mar shampla contae, roinn, Críoch, cantún.  | Teaghrán    |  |
| 2.1.6.2.10 |   | OtherLocalId     | Comhpháirt eile den seoladh.   | Teaghrán    |  |
| 2.1.6.3    |   | AddressFree      | An seoladh i bhformáid shaor (ní mór an cód poist a bheith san áireamh leis seo má tá sé ar fáil).<br>Más ann do AddressFree, ní mór an seoladh a bheith ann mar ba cheart dó a bheith ar chlúdach litreach, agus ba cheart carachtar aisfhille carráiste a bheith idir gach líne. | Teaghrán    |  |
| 2.1.6.4    | * | Country          | Ní mór an réimse a líonadh isteach de réir chaighdeán Eorpach <b>ISO 3166-1-alpha-2</b> .<br>Cód tíre dhá litir an tseolta.  | Teaghrán-2  |  |
| 2.1.7      |   | Telephone        | Ní mór glaochód na tíre a chur isteach sa réimse seo.<br>Más gá níos mó ná tagairt amháin a dhéanamh, is féidir an eilimint seo a ghiniúint an méid uaireanta is gá.   | Teaghrán-20 |  |
| 2.1.8      |   | Email            | Más gá níos mó ná tagairt amháin a dhéanamh, is féidir an eilimint seo a ghiniúint an méid uaireanta is gá.  | Teaghrán    |  |

### 3 - \* SourceDocuments

#### 3.1 – Transactions

Liosta sonrasc díolacháin/idirbheart díolacháin atá sa tábla 'Transactions'. Ba cheart na doiciméid/na hidirbhearta a cuireadh ar ceal a thaispeáint, ionas go mbeifear in ann sraithuimhriú na ndoiciméad a fhíorú. Ach amháin i gcás línte nach bhfuil ábharthacht fhioscach acu, eadhon tuairiscí teicniúla, treoracha suiteála agus coinníollacha ráthaíochta, ba cheart gach líne doiciméid/idirbhirt a onnmhairiú.

| Réimse Innéacs | Ri-ach-tan-ach | Ainm an Réimse  | Nótaí Teicniúla   | Formáid agus Toise atá le bailíochtú ar chomhad XSD | Airteagal 63c |
|----------------|----------------|-----------------|---|---|---------------|
| 3.1.1          | *              | NumberOfEntries | Ní mór an líon iomlán idirbheart a bheith sa réimse, lena n-áirítear iad siúd a cuireadh ar ceal. | Slánuimhir  |               |

|           |   |                        |   |                  |                                      |
|-----------|---|------------------------|---|------------------|--------------------------------------|
| 3.1.2     | * | TotalDebit             | Ní mór suim rialúcháin réimse DebitAmount a bheith sa réimse, cé is moite d'aon idirbheart a cuireadh ar ceal.  | Airgeadaíoch     |                                      |
| 3.1.3     | * | TotalCredit            | Ní mór suim rialúcháin réimse CreditAmount a bheith sa réimse, cé is moite d'aon idirbheart a cuireadh ar ceal.   | Airgeadaíoch     |                                      |
| 3.1.4     |   | Transaction            | Idirbhearta/doiciméid díolacháin.   | Neamhbhain-teach |                                      |
| 3.1.4.1   | * | TransactionNo          | Uimhir uathúil an idirbhirt/an doiciméid.   | Teaghrán         | 1 (j)<br>2 (i)<br>1 (l)<br>2 (k)     |
| 3.1.4.2   | * | DocumentStatus         |   | Neamhbhain-teach |                                      |
| 3.1.4.2.1 | * | TransactionStatus      | Ní mór an réimse a líonadh isteach leis an méid seo a leanas:<br>“N” - Normalach;<br>“C” - Doiciméad/idirbheart a cuireadh ar ceal.   | Teaghrán-1       |                                      |
| 3.1.4.2.2 | * | TransactionStatus-Date | Dáta an taifeadta dheireanaigh ar stádas an idirbhirt, lena n-áirítear uair an chloig, nóiméad agus soicind:<br><br>BBBB-MM-LLAu:nn:ss ± uu:nn  | Dáta agus Am     |                                      |
| 3.1.4.2.3 |   | Reason                 | An chúis ar athraíodh stádas an idirbhirt.  | Teaghrán         |                                      |
| 3.1.4.3   |   | Period                 | Le líonadh isteach le ráithe na tréimhse cánachais:<br><br>R1.bbbb, R2.bbbb, R3. Bbbb, R4.bbbb.<br>Sa chóras allmhairiúcháin, líon isteach mí na tréimhse cánachais:<br><br>M1.bbbb go M12.bbbb.  | Teaghrán-8       |                                      |
| 3.1.4.4   | * | TransactionDate        | Dáta eisiúna an idirbhirt díola san fhormáid BBBB-MM-LL.  | Dáta             |                                      |
| 3.1.4.5   | * | TransactionType        | Ní mór an réimse a líonadh isteach leis an méid seo a leanas:<br>“TR” - (Sale transaction) Idirbheart díola;<br>“RT” - (Return/credit transaction) Idirbheart aischiur/creidmheasa;<br>“IN” - (Invoice) Sonrasc;<br><br>“DN” - (Debit note) Nóta dochair;<br><br>“CN” - (Credit note) Nóta creidmheasa. | Teaghrán-2       | 1 (l)<br>2 (k)<br><br>1 (e)<br>2 (e) |

|            |   |                       |  |                 |           |
|------------|---|-----------------------|--|-----------------|-----------|
| 3.1.4.6    | * | SystemEntryDate       | An dáta deiridh ar sábháladh an taifead sular eisíodh é agus ní mór uair an chloig, nóiméad agus soicind a bheith san áireamh ann:<br><br>BBBB-MM-LLAu:nn:ss ± uu:nn<br>Dáta taifeadta an idirbhirt go dtí an soicind.   | Dáta agus am    |           |
| 3.1.4.7    | * | BillingIndicators     |  | Neamhbhainteach |           |
| 3.1.4.7.1  | * | PartyBillingIndicator | Ní mór an réimse a líonadh isteach leis an méid seo a leanas:<br><br>0 – Má bhaineann sé le hidirbhearta/sonraisc arna n-eisiúint ag an duine inchánach;<br><br>1 – I gcás idirbheart/sonraisc arna n-eisiúint ag trúú páirtí thar ceann an duine inchánach.   | Slánuimhir      |           |
| 3.1.4.7.2  | * | SourceBilling         | Saináithnítear le gach eochair uathúil clár sonrascha difriúil ina saináithnítear le '0' na hidirbhearta/sonraisc arna n-eisiúint ag an gclár sonrascha lena ngintear SAF-OSS. Saináithnítear leis na heochracha atá fágtha na hidirbhearta/sonraisc arna n-eisiúint i gclár sonrascha eile a comhtháthaíodh sa chlár sonrascha lena ngintear SAF-OSS. | Slánuimhir      |           |
| 3.1.4.8    | * | CustomerID            | Eochair uathúil thábla na gcustaiméirí [Customer], lena n-urramaítear an riail atá sainithe le haghaidh CustomerID.  | Teaghrán        |           |
| 3.1.4.9    |   | OSSScheme             | Le líonadh isteach leis an méid seo a leanas:<br><br>0 - scéim nach scéim de chuid an Aontais í;<br><br>1 - scéim de chuid an Aontais;<br><br>2 - scéim allmhairiúcháin;<br><br>9 - Díolacháin eile [díolacháin nár rinneadh faoi na scéimeanna thuasluaite];  | Slánuimhir      |           |
| 3.1.4.10   |   | MSC                   | Faisnéis maidir leis an áit úsáide.  | Neamhbhainteach | 1(a) 2(a) |
| 3.1.4.10.1 | * | Country               | Ní mór an réimse a líonadh isteach de réir chaighdeán Eorpach <b>ISO 3166-1-alpha-2</b> .  | Teaghrán-2      |           |
| 3.1.4.10.2 | * | CustomerLocation      | Le líonadh isteach leis an bhfianaise uile a úsáideadh sa phróiseas cinnteoireachta, fiú murar úsáideadh ach aon mhír fianaise amháin sa deireadh chun an tír tomhaltais a chinneadh.  | Neamhbhainteach |           |

|              |   |                             |   |                 |           |
|--------------|---|-----------------------------|---|-----------------|-----------|
|              |   |                             | Más gá níos mó ná tagairt amháin a dhéanamh, is féidir an eilimint seo a ghiniúint an méid uaireanta is gá.   |                 |           |
| 3.1.4.10.2.1 | * | EvidenceforCustomerLocation | Ní mór seo a líonadh isteach leis an méid seo a leanas:<br>A - seoladh billeála an chustaiméara<br>B - Seoladh IP nó geoshuíomh;<br>C - Sonraí bainc;<br>D - Cóid tíre shoghluaiste nó cárta SIM arna úsáid ag custaiméir;<br>E - Suíomh na líne talún buaine a úsáidtear le haghaidh na seirbhíse;<br>F - Modhanna eile;<br>G - Áit seachadta;<br>H - Seirbhísí íocaíochta eile;<br>I - Cárta aitheantais/pas.   | Teaghrán-1      | 1(k)      |
| 3.1.4.10.2.2 | * | LocationEvidence            | Le líonadh isteach leis an bhfianaise a d'fhág gurbh fhéidir an tír tomhaltais a chinneadh de réir an réimse 'EvidenceforCustomerLocation', e.g., Seoladh IP, uimhir theileafóin gona glaochód na tíre, Uimhir Idirnáisiúnta Chuntas Bainc (IBAN) nó tagairt eile seirbhíse íocaíochta a úsáidtear, etc. Nuair a úsáidtear an seoladh billeála mar fhianaise, ní mór an réimse seo a líonadh isteach le ceann de na heochracha uathúla faoi BillingAddressID ón tábla 'Custaiméir'. Má chinntear an áit tomhaltais leis an áit seachadta, ní mór an réimse seo a líonadh isteach leis an teaghrán 'Áit seachadta' agus ní mór an eilimint ShipToAddress 3.1.4.10.3 a líonadh isteach leis an seoladh. | Teaghrán        |           |
| 3.1.4.10.2.3 | * | LocationEvidenceIndicator   | Ní mór an réimse a líonadh isteach leis an méid seo a leanas:<br>0 - Má fhaightear réidh leis an bhfianaise le linn an phróisis cinnteoireachta;<br>1 - Má bhaintear úsáid as an bhfianaise le linn an phróisis cinnteoireachta.  | Slánuimhir      |           |
| 3.1.4.10.3   |   | ShipToAddress               | Faisnéis maidir leis an áit seachadta inar cuireadh earraí nó seirbhísí ar fáil don chliant nó d'aon duine atá sannta ag an gcliant.  | Neamhbhainteach | 1(k) 2(j) |



|                 |    |                    |  |                  |           |
|-----------------|----|--------------------|--|------------------|-----------|
| 3.1.4.10.3.1    | ** | AddressFree        | An seoladh i bhformáid shaor (ní mór an cód poist a bheith san áireamh leis seo má tá sé ar fáil).<br><br>Más ann do AddressFree, ní mór an seoladh a bheith ann mar ba cheart dó a bheith ar chlúdach litreach, agus ba cheart carachtar aisfhille carráiste a bheith idir gach líne. | Teaghrán         |           |
| 3.1.4.10.3.2    | ** | AddressStruct      |  | Neamhbhain-teach |           |
| 3.1.4.10.3.2.1  |    | Street             | Ainm na sráide.  | Teaghrán         |           |
| 3.1.4.10.3.2.2  |    | BuildingIdentifier | Aitheantóir an fhoirgnimh ar an tsráid, uimhir a bhíonn i gceist de ghnáth.  | Teaghrán         |           |
| 3.1.4.10.3.2.3  |    | SuiteIdentifier    | Aitheantóir oifige nó cuid chomhchosúil d'fhoirgneamh.   | Teaghrán         |           |
| 3.1.4.10.3.2.4  |    | FloorIdentifier    | Aitheantóir urláir laistigh d'fhoirgneamh.   | Teaghrán         |           |
| 3.1.4.10.3.2.5  |    | DistrictName       | Ainm cheantar an tseolta.  | Teaghrán         |           |
| 3.1.4.10.3.2.6  |    | POB                | An bosca oifige poist.   | Teaghrán         |           |
| 3.1.4.10.3.2.7  |    | PostCode           | An cód poist (ní mór é seo a sholáthar má tá sé ar fáil).  | Teaghrán         |           |
| 3.1.4.10.3.2.8  | *  | City               |  | Teaghrán         |           |
| 3.1.4.10.3.2.9  |    | CountrySubentity   | Limistéar geografach den tír, limistéar atá níos mó ná ceantar nó cathair, mar shampla contae, roinn, Críoch, cantún.  | Teaghrán         |           |
| 3.2.3.14.15  | ** | DebitAmount        | Le líonadh isteach maidir le tabhairt isteach earraí.<br><br>Nuair nach bhfuil luacháil déanta air sa bhunachar sonraí, ní mór an réimse seo a líonadh isteach le ‘0.00’.                                   | Airgeadaíoch    | 1(l) 2(k) |

|               |    |                  |   |                 |                            |
|---------------|----|------------------|---|-----------------|----------------------------|
| 3.2.3.14.16   | ** | CreditAmount     | Le líonadh isteach maidir le tabhairt amach earraí.<br>Nuair nach bhfuil luacháil déanta air sa bhunachar sonraí, ní mór an réimse seo a líonadh isteach le '0.00'.   | Airgeadaíoch    |                            |
| 3.2.3.14.17   |    | Tax              |   | Neamhbhainteach | 1 (f) 2(f)<br>1 (l) 2(k)   |
| 3.2.3.14.17.1 | *  | TaxCountryRegion | Le líonadh isteach le tír nó le réigiún na cánach. Ní mór an réimse seo a líonadh isteach le caighdeán Eorpach <b>ISO 3166-2</b><br>Mar shampla:<br>"PT-20" - Réigiún Féinlathach na nAsór.   | Teaghrán-5      |                            |
| 3.2.3.14.17.2 | *  | TaxCode          | Ráta cánach CBL in MSC:<br>"SPR" - ( <i>Super reduced tax rate</i> ) Ráta cánach atá laghdaithe go mór;<br>"INT" - ( <i>Intermediate tax rate</i> ) Ráta cánach idirmheánach;<br>"RED" - ( <i>Reduced tax rate</i> ) Ráta laghdaithe cánach;<br>"STD" - ( <i>Standard tax rate</i> ) Ráta caighdeánach cánach;<br>"NS" - ( <i>Non-subject to tax</i> ) Neamh-inchánach;<br>"EXM" - ( <i>Tax Exempt</i> ) Díolmhaithe ó cháin. | Teaghrán        |                            |
| 3.2.3.14.17.3 | *  | VAT Rate         | Ní mór an réimse seo a líonadh isteach leis an ráta cánach is infheidhme.   | Deachúil        |                            |
| 3.2.3.14.18   |    | SettlementAmount | Méid na lascaine líne agus na lascaine comhréirí domhanda.  | Airgeadaíoch    | 1 (d) 1 (e)<br>2 (d) 2 (e) |
| 3.2.3.15      | *  | DocumentTotals   |   | Neamhbhainteach |                            |
| 3.2.3.15.1    | *  | TaxPayable       | Méid iomlán na gcánacha.<br>Nuair nach bhfuil luacháil déanta air sa bhunachar sonraí, ní mór an réimse seo a líonadh isteach le '0.00'.  | Airgeadaíoch    | 1 (g) 2 (g)                |
| 3.2.3.15.2    | *  | TaxableAmount    | Iomlán an doiciméid/idirbhirt gan chánacha.<br>Ní mór gan na méideanna a bhaineann le cánacha a bheith san áireamh sa réimse seo.<br>Nuair nach bhfuil luacháil déanta air sa bhunachar sonraí, ní mór an réimse seo a líonadh isteach le '0.00'.   | Airgeadaíoch    | 1 (d) 2 (d)                |
| 3.2.3.15.3    | *  | GrossTotal       | Iomlán an doiciméid/idirbhirt agus cánacha san áireamh.<br>Nuair nach bhfuil luacháil déanta air sa bhunachar sonraí, ní mór an réimse seo a líonadh isteach le '0.00'.   | Airgeadaíoch    |                            |

|              |   |                |   |                 |                        |
|--------------|---|----------------|---|-----------------|------------------------|
| 3.2.3.15.4   | * | Currency       | An t-airgeadra bunaidh a úsáideadh agus an t-idirbheart/sonrasc á eisiúint.     | Neamhbhainteach | 1(d) 1(g)<br>2(d) 2(g) |
| 3.2.3.15.4.1 | * | CurrencyCode   | Ní mór an réimse a líonadh isteach de réir chaighdeán Eorpach <b>ISO 4217</b> . | Teaghrán-3      |                        |
| 3.2.3.15.4.2 | * | CurrencyAmount | An méid comhlán in airgeadra bunaidh an doiciméid/an idirbhirt.                 | Airgeadaíoch    |                        |
| 3.2.3.15.4.3 | * | ExchangeRate   | Ní mór an ráta malairte a úsáidtear sa chomhshó go EUR a lua.                   | Deachúil        |                        |

\* Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle an 15 Márta 2011 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme le haghaidh Treoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 77, 23.3.2011, lch. 1).'

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/966 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 11 Meitheamh 2021**

**lena ndeonaítear maolú sealadach do Cabo Verde ar na rialacha maidir le tionscnamh fabhrach a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446, i leith filléid tuinnín ullmhaithe nó leasaithe, filléid ronnach ullmhaithe nó leasaithe agus filléid tuinnín frigéid nó filléid ronnach frigéid ullmhaithe nó leasaithe**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 64(6) agus Airteagal 66, pointe (b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is tír í Cabo Verde a thairbhíonn as an socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas a sholáthraítear faoi Airteagal 1(2), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup>, dá ngairtear an Córas Ginearálaithe um Fhabhair (GSP+). Leagtar síos na rialacha maidir le tionscnamh fabhrach chun críocha an Chórais Ghinearálaithe um Fhabhair (GSP), seachas rialacha nós imeachta, i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup>.
- (2) I litir dar dáta an 18 Márta 2020, chuir Cabo Verde iarraidh isteach maidir le síneadh a chur leis na maoluithe sealadacha ar na rialacha maidir le tionscnamh fabhrach a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446, a deonaíodh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/561 <sup>(4)</sup> agus (AE) 2019/620 <sup>(5)</sup> ón gCoimisiún. Bhain an iarraidh le méid bliantúil 5 000 tona d'fhilléid tuinnín ullmhaithe nó leasaithe, 3 000 tona d'fhilléid ronnach ullmhaithe nó leasaithe agus 1 000 tona d'fhilléid tuinnín frigéid nó d'fhilléid ronnach frigéid ullmhaithe nó leasaithe. Faoin maolú arna iarraidh, mheasfaí na táirgí sin a bheith de thionscnamh Cabo Verde fiú dá mba tháirgí iad a táirgeadh ó éisc neamhthionscnaimh.
- (3) Maidir lena hiarraidh ar shíneadh a chur leis na maoluithe sin, thacaigh Cabo Verde léi trí bheith ag brath ar na hargóintí a rinneadh in iarrataí a cuireadh isteach roimhe seo, ar argóintí ábhartha iad fós dar le Cabo Verde, eadhon, méideanna ísle tuinnín agus ronnach arna ngabháil ina huiscí teorann, deiseanna iascaireachta atá gann lasmuigh dá huiscí teorann agus fad teoranta an tséasúir iascaireachta. Eilimint eile a cuireadh i dtábhacht san iarraidh is ea bonneagar calafoirt Cabo Verde a forbraíodh le déanaí. Dá thoradh sin, is féidir méideanna éisc ar scála níos mó a láimhseáil chun acmhainneacht táirgeachta an tionscail áitiúil próiseála éisc a choinneáil ar bun trí sholáthar a chur ar fáil dó. Ar deireadh, cuireadh i dtábhacht san iarraidh na deacrachtaí a bhfuil Cabo Verde ag dul i

<sup>(1)</sup> IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle (IO L 303, 31.10.2012, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe a bhaineann le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1).

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/561 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2019 lena ndeonaítear maolú sealadach do Cabo Verde ar na rialacha maidir le tionscnamh fabhrach a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446, i leith filléid tuinnín ullmhaithe nó leasaithe (IO L 98, 9.4.2019, lch. 13).

<sup>(5)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/620 ón gCoimisiún an 17 Aibreán 2019 lena ndeonaítear maolú sealadach do Cabo Verde ar na rialacha maidir le tionscnamh fabhrach a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446, i leith filléid ronnach ullmhaithe nó leasaithe agus tuinnín frigéid nó ronnach frigéid ullmhaithe nó leasaithe (IO L 108, 23.4.2019, lch. 1).

ngleic leo de dheasca na moilleanna maidir le teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus an Afraic Thiar. Forbraíonn Cabo Verde argóinteacht chun béim a leagadh ar an ngá atá aici le maolú ar rialacha GSP maidir le tionscnamh fabhrach chun cúiteamh a dhéanamh air nach féidir brath go fóill ar na cuótaí tionscnaimh ná na rialacha maidir le carnadh faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche nach bhfuil curtha i bhfeidhm go sealadach go fóill.

- (4) Is maolú de chineál sealadach é an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 64(6) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 (Cód Custaim an Aontais) agus tá sé faoi réir chomhlíonadh feabhsaithe na rialacha tionscnaimh le haghaidh na dtáirgí lena mbaineann agus chomhlíonadh an cheanglais maidir leis an gcomhar riaracháin. Chun maolú den sórt sin ar na rialacha maidir le tionscnamh fabhrach a bhainistiú, ní mór don tír iarrthach na rialacha tionscnaimh le haghaidh na dtáirgí lena mbaineann agus na nósanna imeachta a bhaineann leo a chomhlíonadh agus ní mór di dea-chomhar riaracháin a áirithiú.
- (5) I ndáil leis sin, leis na gníomhaíochtaí faireacháin a rinne an Coimisiún Eorpach le blianta beaga anuas i gcomhthéacs an mhaolaithe a deonaíodh de bhun Airteagal 64(6) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, léiríodh roinnt easnamh maidir le comhar riaracháin Cabo Verde le húdaráis chustaim na mBallstát i dtaca le cruthúnais ar thionscnamh a fhíorú. D'fhéadfadh go mbeadh na heasnamh sin ina gcúis le diúltú an mhaolaithe ar bhonn na gcúiseanna a chuir Cabo Verde i láthair. Tar éis di an iarraidh sin a chur isteach, áfach, bhí ar Cabo Verde agus go háirithe an tionscal iascaireachta in Cabo Verde, dul i ngleic le géarchéim thromchúiseach de dheasca an chailleanais ioncaim arbh í paindéim COVID-19 ba chúis leis. Le hAirteagal 64(6) den chód, tá an Coimisiún i dteideal an staid nua sin a chur san áireamh, agus cinneadh a dhéanamh maidir le maolú a dheonú ar a thionscnamh féin.
- (6) Dá bhrí sin, ba cheart maolú sealadach a dheonú do Cabo Verde ar an gceanglas faoi na rialacha maidir le tionscnamh fabhrach na táirgí a mheas a bheith de thionscnamh na tíre is tairbhí i gcás ina bhfaightear na hábhair iontu a áirithítear i gCaibidlí 3 agus 16 den Ainmníocht Chomhcheangailte go hiomlán sa tír sin agus sa chás sin amháin. Sa chéad bhliain dá chur i bhfeidhm, ba cheart an maolú a dheonú ar mhéid bliantúil 5 000 tona d'fhilléid tuinnín ullmhaithe nó leasaithe, 3 000 tona d'fhilléid ronnach ullmhaithe nó leasaithe agus 1 000 tona d'fhilléid tuinnín frigéid nó d'fhilléid ronnach frigéid ullmhaithe nó leasaithe. Chun leasanna tráchtála an Aontais Eorpaigh a chur san áireamh agus chun iomaíocht chóir a choinneáil ar bun idir tionscal iascaigh intíre an Aontais agus tionscal iascaigh intíre tríú tíortha, ba cheart an méid bliantúil a laghdú sna blianta ina dhiaidh sin de réir na méideanna dá bhforáiltear in Iarscríbhinní I agus II, cé is moite d'fhilléid tuinnín frigéid nó filléid ronnach frigéid ullmhaithe nó leasaithe. Ba cheart teorainn 3 bliana a chur le fad an mhaolaithe chun deis a thabhairt do Cabo Verde téarnamh ó ghéarchéim COVID-19 agus féachaint leis na coigeartuithe struchtúrtha is gá a dhéanamh in earnáil an iascaigh, d'fhonn na rialacha tionscnaimh a chomhlíonadh le haghaidh na dtáirgí lena mbaineann. Ba cheart an maolú a dheonú, áfach, ar choinníoll go ndéanfaidh údaráis chustaim Cabo Verde seiceálacha cainníochtúla ar onnmhairithe na dtáirgí atá faoi réir an mhaolaithe agus go gcuirfidh siad ráiteas in iúl don Choimisiún maidir leis na méideanna ar eisíodh ráitis maidir le tionscnamh ina leith de bhun an Rialacháin seo agus sraithuimhreacha na ráiteas sin.
- (7) Thairis sin, ba cheart do Cabo Verde tairbhiú de mhaolú a sholáthraítear faoi rialacha tionscnaimh fabhracha GSP maidir le tuinnín agus ronnach ar choinníoll go dtuairiscíonn sí go tráthrialta do sheirbhísí inniúla an Choimisiúin maidir leis na bearta atá glactha aici chun comhlíonadh na rialacha a fheabhsú i dtaca le tionscnamh na dtáirgí agus na nósanna imeachta a bhaineann leo agus chun comhar riaracháin a chur ar fáil de réir mar a cheanglaítear chun na socruithe fabhracha faoi GSP a chur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012. Ba cheart na tuarascálacha sin a chur isteach i gcomhréir le sceideal ama beacht, lena mbeadh moilleanna maidir le baint amach na sprioc-amanna socraithe ina gcúis le fionraí an mhaolaithe, fionraí a bheadh le cur in iúl d'údaráis inniúla Cabo Verde tar éis meabhrúcháin agus cuireadh na tuarascálacha a chur isteach laistigh de 10 lá oibre. Le fionraí den sórt sin, ní dhéanfar an tréimhse dá bhforáiltear sa Rialachán agus in Iarscríbhinní 1 agus 2 a ghabhann leis an Rialachán a fhadú. Na heilimintí atá le háireamh sna tuarascálacha sin, ba cheart iad a liostú in Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (8) Na méideanna a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo, ba cheart iad a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagal 49 go 54 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún<sup>(6)</sup>, lena rialaítear bainistiú cuótaí taraife.

<sup>(6)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

- (9) Ba cheart do na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo teacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe agus ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith acu amhail ón 1 Eanáir 2021, chun staid dhúshlánach Cabo Verde a chur san áireamh agus chun cead a thabhairt don tír sin an maolú a chur i bhfeidhm ar tháirgí a allmhairíodh isteach san Aontas ó bhí an dáta sin ann.
- (10) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

De mhaolú ar Airteagal 41, pointe (b), agus Airteagal 45 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446, maidir leis na táirgí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I agus II, a tháirgtear in Cabo Verde ó éisc neamhthionscnaimh, measfar gur de thionscnamh Cabo Verde iad i gcomhréir le hAirteagail 2, 3 agus 4 den Rialachán seo.

#### *Airteagal 2*

1. Beidh feidhm ag an maolú seo maidir le táirgí a onnmhairítear ó Cabo Verde agus a dhearbhaítear lena scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2023.
2. Beidh feidhm ag an maolú maidir le táirgí suas leis na méideanna bliantúla a liostaítear in Iarscríbhinn I (tuinnín) agus Iarscríbhinn II (ronnach agus ronnach frigéid).
3. Tá cur chun feidhme an mhaolaithe faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 43 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446.

#### *Airteagal 3*

Na méideanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus II a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfar iad a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagail 49 go 54 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún, lena rialaítear bainistiú cuótaí taraife.

#### *Airteagal 4*

Deonaítear an maolú faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

1. Déanfaidh údaráis chustaim Cabo Verde na bearta is gá chun seiceálacha cainníochtúla a dhéanamh ar onnmhairithe na dtáirgí dá dtagraítear in Airteagal 1.
2. Cuirfear an tagairt seo a leanas isteach sna ráitis maidir le tionscnamh arna ndéanamh ag na honnmhaireoirí cláraithe: "Maolú — Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/966 ón gCoimisiún".
3. Cuirfidh údaráis inniúla Cabo Verde in iúl don Choimisiún ráiteas maidir leis na méideanna ar eisíodh ráiteas maidir le tionscnamh ina leith de bhun an Rialacháin seo agus na cóipeanna de na cruthúnais sin. Cuirfear na tuarascálacha in iúl don Choimisiún 6 mhí, 18 mí agus 30 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.
4. Cuirfidh údaráis inniúla Cabo Verde in iúl don Choimisiún, an tráth céanna leis na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 3, tuarascáil ina bhfuil faisnéis mhionsonraithe maidir leis na bearta a ghlac siad chun an méid seo a leanas a dhéanamh:
  - (a) comhlíonadh na rialacha maidir le tionscnamh na dtáirgí agus na nósanna imeachta a bhaineann leo a áirithiú;
  - (b) comhar riaracháin a chur ar fáil de réir mar is gá chun na socruithe fabhracha faoi GSP a chur chun feidhme.

Liostaítear an fhaisnéis is gá d'údaráis inniúla Cabo Verde a thuairisciú in Iarscríbhinn III.

*Airteagal 5*

I gcás nach gcomhlíonann na húdaráis inniúla a n-obleagáid tuairiscithe a leagtar síos in Airteagal 4(3) agus (4), laistigh de na teorainneacha ama a leagtar amach ann, seolfaidh an Coimisiún meabhrúchán chuig údaráis inniúla Cabo Verde, ina n-iarrfar orthu an fhaisnéis is gá a chur isteach laistigh de 10 lá oibre. Mura bhfreagróidh údaráis inniúla Cabo Verde don iarraidh sin faoin sprioc-am socraithe, d'fhéadfadh an Coimisiún an maolú dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur ar fionraí. Le fionraí den sórt sin, ní chuirfear síneadh leis an tréimhse dá bhforáiltear sa Rialachán agus in Iarscríbhinn 1 agus Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Rialachán. Cuirfear an fhionraí sin in iúl d'údaráis inniúla Cabo Verde agus foilseofar í san Iris Oifigiúil, sraith C.

*Airteagal 6*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Meitheamh 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

## IARSCRÍBHINN I

| Sraithuimhir | Cód AC        | Cód TARIC | Tuairisc ar earraí  | Tréimhsí                   | Méid bliantúil (i dtónaí glanmheáchain) |  |
|--------------|---------------|-----------|---|----------------------------|---|--|
| 09.1602      | 1604 14 21 00 | 10        | Filléid agus luanta boiniotó ullmhaithe nó leasaithe ( <i>Katsuwonus pelamis</i> )            | 1.1.2021 go dtí 31.12.2021 | 5 000 tona                              |  |
|              | 1604 14 26 90 |           |   |                            |   |  |
|              | 1604 14 28 00 |           |   | 1.1.2022 go dtí 31.12.2022 | 3 500 tona                              |  |
|              | 1604 20 70 50 |           |   |                            |   |  |
|              | 1604 20 70 55 |           |   | 1.1.2023 go dtí 31.12.2023 | 2 500 tona                              |  |
|              | 1604 14 31 90 |           |   |                            |   |  |
|              | 1604 14 36 90 |           |   |                            |   |  |
|              | 1604 14 38 00 |           |   |                            |   |  |
|              | 1604 20 70 99 |           |   |                            |   |  |
|              | 0304 87 00 90 |           |   |                            |   |  |
|              | 1604 14 41 20 |           | Filléid agus luanta tuinnín mhórshúiligh ullmhaithe nó leasaithe ( <i>Thunnus albacares</i> ) |                            |   |  |
|              | 1604 14 46 29 |           |   |                            |   |  |
|              | 1604 14 48 20 |           |   |                            |   |  |
|              | 1604 20 70 45 |           |   |                            |   |  |
|              | 0304 87 00 20 |           |   |                            |   |  |
|              | 1604 14 41 30 |           |   |                            |   |  |
|              | 1604 14 48 30 |           | Tuinnín colgach ullmhaithe ( <i>Thunnus alalunga</i> )  |                            |   |  |



## IARSCRÍBHINN II

| Sraithuimhir | Cód AC                      |  | Tuairisc ar earraí   | Tréimhsí                   | Méid bliantúil (i dtonaí glanmheáchain) |
|--------------|-----------------------------|--|--|----------------------------|---|
| 09.1647      | 1604 15 11<br>ex 1604 19 97 |  | Filléid ronnach ullmhaithe nó leasaithe ( <i>Scomber scombrus</i> , <i>Scomber japonicus</i> , <i>Scomber colias</i> ) | 1.1.2021 go dtí 31.12.2021 | 3 000 tona                              |
|              |                             |  |  | 1.1.2022 go dtí 31.12.2022 | 2 500 tona                              |
|              |                             |  |  | 1.1.2023 go dtí 31.12.2023 | 2 000 tona                              |
| 09.1648      | 1604 20 90<br>ex 1604 19 97 |  | Filléid tuinnín frigéid nó ronnach frigéid ullmhaithe nó leasaithe ( <i>Auxis thazard</i> , <i>Auxis rochei</i> )      | 1.1.2021 go dtí 31.12.2021 | 1 000 tona                              |
|              |                             |  |  | 1.1.2022 go dtí 31.12.2022 | 1 000 tona                              |
|              |                             |  |  | 1.1.2023 go dtí 31.12.2023 | 1 000 tona                              |

## IARSCRÍBHINN III

**Bearta atá le tuairisciú ag údaráis inniúla Cabo Verde dá dtagraítear in Airteagal 4(4)**

Sa tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 4(4), beidh tuairisc mhionsonraithe ar na bearta arna nglacadh ag údaráis inniúla Cabo Verde chun an méid seo a leanas a áirithiú:

- a) go ndéantar fíoruithe ar stádas tionscnaimh na dtáirgí arna iarraidh sin ag údaráis chustaim na mBallstát le haghaidh gach iarraidh ar leith faoi na sprioc-amanna a leagtar síos in Airteagal 109 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447;
- b) go gcumhdaítear seiceáil ar áit na gabhála mar chuid de na fíoruithe ar stádas tionscnaimh na dtáirgí iascaireachta mara dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointe (h) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún, agus go gcumhdaítear seiceáil ar choinníollacha úinéireachta an tsoithigh mar chuid de na fíoruithe ar stádas tionscnaimh na dtáirgí eile ar lasmuigh den fharraige teorann a baineadh as an bhfarraige iad dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointe (h), den Rialachán Tarmligthe sin;
- c) go ndéantar na rialuithe dá dtagraítear in Airteagal 108(1), pointe (b) de Rialachán (AE) 2015/2447 ar onnmhaireoirí ag eatraimh a chinntear ar bhonn critéir iomchuí anailíse riosca i gcomhréir le hAirteagal 108(2) den Rialachán Cur Chun Feidhme sin;
- d) go gcuirtear onnmhaireoirí agus oifigigh rialtais in Cabo Verde ar an eolas mar is ceart faoi na rialacha maidir le tionscnamh fabhrach chun críocha an Chórais Ghinearálaithe um Fhabhair (GSP) agus faoi na nósanna imeachta a bhaineann leo trí bhíthin treoracha leormhaithe, oiliúintí, seimineáir agus/nó faisnéis ghréasánbhunaithe.

Maidir leis an tuarascáil ar bhearta dá dtagraítear i bpointe (a) thuas, is iad na heilimintí seo a leanas a bheidh inti le haghaidh gach iarraidh ar fíorú tionscnaimh a fhaightear ó údaráis chustaim na mBallstát:

- tagairt agus dáta an iarrata ar fhíorú tionscnaimh;
- an Ballstát a sheol an iarraidh [*an Ballstát iarrthach*];
- an dáta a fuair údaráis inniúla Cabo Verde an iarraidh;
- na táirgí lena mbaineann (cód HS agus tuairisc ar na táirgí);
- an dáta a seoladh freagra chuig an mBallstát iarrthach;
- na cúiseanna atá le haon mhoill ar fhreagra an iarrata, de réir mar is iomchuí;
- measúnú an iarrata ag údaráis inniúla Cabo Verde (i.e. cé acu a deimhníodh an tionscnamh arna dhearbhu sa ráiteas maidir le tionscnamh nó nár deimhníodh).

Is iad na heilimintí seo a leanas a bheidh sa tuarascáil ar bhearta dá dtagraítear i bpointe (c):

- an líon rialuithe a rinneadh;
- na critéir anailíse riosca a d'úsáid na húdaráis inniúla chun na rioscaí a mheasúnú agus na heatraimh idir na seiceálacha ar onnmhaireoirí a chinneadh;
- an mhodheolaíocht a úsáideadh le linn na rialuithe;
- faisnéis maidir le cé acu a cheangail na húdaráis inniúla ar (roinnt) onnmhaireoirí cóipeanna nó liosta de na ráitis maidir le tionscnamh a bhí déanta acu a sholáthar nó nár cheangail, d'fhonn na rialuithe a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 108(1), pointe (b), i gcomhréir le hAirteagal 108(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447;
- faisnéis maidir le cé acu a léiríonn na rialuithe go dtuigeann na honnmhaireoirí in Cabo Verde na rialacha tionscnaimh agus na nósanna imeachta a bhaineann leo nó nach léiríonn;
- aon bheart ceartaitheach a rinneadh agus/nó aon phionós a forchuireadh ar an onnmhaireoir as ráiteas mícheart maidir le tionscnamh a dhéanamh.

Áireofar sa tuarascáil ar bhearta dá dtagraítear i bpointe (d) thuas na treoracha, na doiciméid agus na hábhair oiliúna i dtaca leis na rialacha maidir le tionscnamh fabhrach chun críocha an Chórais Ghinearálaithe um Fhabhair (GSP) agus i dtaca leis na nósanna imeachta a bhaineann leo, ar ábhair iad a úsáidtear chun onnmhaireoirí agus oifigigh rialtais Cabo Verde a chur ar an eolas.

Leis na tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 4(3) agus (4), tabharfar an fhaisnéis a chuirtear ar fáil sna tuarascálacha roimhe sin cothrom le dáta.

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/967 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 16 Meitheamh 2021**

**maidir leis an athnuachan ar údarú crágaigh mangainéise d'analóg hidrocса meitiainín mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 350/2010**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis an bhforas agus na nósanna imeachta chun an t-údarú sin a dheonú agus a athnuachan.
- (2) Le Rialachán (AE) Uimh. 350/2010 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> údaraíodh crágach mangainéise d'analóg hidrocса meitiainín ar feadh 10 mbliana mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh iarratas isteach maidir leis an athnuachan ar údarú crágaigh mangainéise d'analóg hidrocса meitiainín mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch sa chatagóir breiseán dar teideal “breiseáin chothaitheacha”. Bhí na sonraí agus na doiciméid a éilítear faoi Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.
- (4) Bunaithe ar an tuairim ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (“an tÚdarás”) an 30 Meán Fómhair 2020 <sup>(3)</sup>, faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe, níl éifeacht dhíobhálach ag crágach mangainéise d'analóg hidrocса meitiainín ar shláinte ainmhithe, ar shábháilteacht tomhaltóirí ná ar an gcomhshaol. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin go bhfuil riosca don úsáideoir trí ionanálú ag baint leis an mbreiseán agus gur íogróir craicinn é. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine a chosc, go háirithe maidir le húsáideoirí an bhreiseáin. An cruthúnas maidir le héifeachtúlacht an bhreiseáin ar a raibh an t-údarú tosaigh bunaithe, tá sé fós bailí le haghaidh an nós imeachta athnuachana. Rinne an tÚdarás fíorú freisin ar an tuarascáil faoi mhodh anailíse an bhreiseáin beathaithe agus é i mbeatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (5) Léirítear leis an measúnú ar chrágach mangainéise d'analóg hidrocса meitiainín go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le húdarú, dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart údarú an bhreiseáin sin a athnuachan.
- (6) Mar thoradh ar an athnuachan ar údarú crágaigh mangainéise d'analóg hidrocса meitiainín mar bhreiseán beathaithe, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 350/2010 a aisghairm.
- (7) Ós rud é, de bharr cúiseanna sábháilteachta, nach gá modhnuithe ar na coinníollacha údaraithe maidir le crágach mangainéise d'analóg hidrocса meitiainín a chur i bhfeidhm láithreach, is iomchuí idirthrémhse a cheadú do na páirtithe leasmhara ionas gur féidir leo iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as an athnuachan ar an údarú a chomhlíonadh.
- (8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

<sup>(1)</sup> IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 350/2010 ón gCoimisiún an 23 Aibreán 2010 maidir le húdarú crágaigh mangainéise d'analóg hidrocса meitiainín mar bhreiseán beatha le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 104, 24.4.2010, lch. 34).

<sup>(3)</sup> EFSA Journal 2020;18(11):6281

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir le húdarú an bhreiseáin a shonraítear san Iarscríbhinn, breiseán a bhaineann le catagóir na mbreiseán dar teideal “breiseáin chothaitheacha” agus leis an bhfeidhmghrúpa dar teideal “comhdhúile de riandúile”, déantar an t-údarú sin a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

1. Crágach mangainéise d'analóg hidrocса meitainín agus réamh-mheascáin a bhfuil sé iontu, ar táirgí iad a táirgeadh agus ar cuireadh lipéad orthu roimh an 7 Eanáir 2022 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 7 Iúil 2021 féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.
2. Ábhair bheatha agus beatha chumaisc ina bhfuil crágach mangainéise d'analóg hidrocса meitainín, ar táirgí iad a táirgeadh agus ar cuireadh lipéad orthu roimh an 7 Iúil 2022 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 7 Iúil 2021, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina bhfuil sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.
3. Ábhair bheatha agus beatha chumaisc ina bhfuil crágach mangainéise d'analóg hidrocса meitainín, ar táirgí iad a táirgeadh agus ar cuireadh lipéad orthu roimh an 7 Iúil 2023 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 7 Iúil 2021, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina bhfuil sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.

*Airteagal 3*

Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 350/2010.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Meitheamh 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

## IARSCRÍBHINN

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Ainm shealbhóir an údaraithe | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uas-teorainn aoise | Íoschion   | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|----------------------------------|------------------------------|----------|--|-----------------------------|--------------------|--|----------|----------------|--------------------------------|
|                                  |                              |          |  |                             |                    | Cion na heiliminte (Mn) i mg/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % |          |                |                                |

## Catagóir breiseán cothaitheach. Feidhmghrúpa: comhdhúile de riandúile

|       |   |  |   |               |   |   |  |   |             |
|-------|---|--|---|---------------|---|---|--|---|-------------|
| 3b510 | - | Crágach mangainéise d'analóg hidrocса meitiainín | <p>Tréithriú an bhreiseáin:<br/>Crágach mangainéise d'analóg hidrocса meitiainín ina bhfuil 14 % mangainéis agus 76 % (2-hidrocса-4-meiltia) aigéad butánóch.<br/>Uaschion nicile: 170 ppm.<br/>Foirm sholadach.<br/><i>Modh anailíse</i> <sup>(1)</sup>:<br/>Maidir leis an analóg hidrocса meitiainín atá sa bhreiseán beathaithe a chainníochtú:<br/>— Tíotraiméadracht, toirtmheascadh poitéinsiméadrach tar éis imoibriú di-ocsaídiúcháin ocsaídiúcháin;<br/>Maidir leis an mangainéis iomlán sa bhreiseán beathaithe agus sna réamh-mheascáin a chainníochtú:<br/>— Speictriméadracht Ionsú Adamhaigh, ASS (EN ISO 6869); nó<br/>— Plasma Cúpláilte go hlonduchtach – Speictriméadracht Astaíochta Adamhaí, ICP-AES (EN 15510); nó<br/>— Plasma Cúpláilte go hlonduchtach – Speictriméadracht Astaíochta Adamhaí tar éis díleá faoi bhrú, ICP-AES (EN 15621);</p> | Gach speiceas | - | - | Éisc: 100 (Iomlán)<br>Speicis eile: 150 (Iomlán) | <ol style="list-style-type: none"> <li>Déanfar an breiseán a ionchorprú in ábhar beatha i bhfoirm réamh-mheascáin.</li> <li>Féadfar crágach mangainéise d'analóg hidrocса meitiainín a chur ar an margadh agus a úsáid mar bhreiseán a bhfuil ullmhóid ann.</li> <li>Ar mhaithe le húsáideoirí na mbreiseán agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascirt as ionanálú, teagmháil dheirmeach nó teagmháil súl, go háirithe i ngeall ar chion na miotal trom lena n-áirítear nicil. I gcás nach féidir na rioscaí sin a laghdú go leibhéal inghlactha leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, is le trealamh cosanta pearsanta cuí a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.</li> </ol> | 7 Iúil 2031 |
|-------|---|--|---|---------------|---|---|--|---|-------------|

|  |  |  |   |  |  |  |  |  |
|--|--|--|---|--|--|--|--|--|
|  |  |  | <p>Maidir leis an mangainéis iomlán in ábhair bheatha agus i mbeatha cumaisc a chainníochtú:</p> <p>— Speictriméadracht Ionsú Adamhaigh, ASS (Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún, Iar-scribhinn IV-C); nó</p> <p>— Speictriméadracht Ionsú Adamhaigh, ASS (EN ISO 6869); nó</p> <p>— Plasma Cúpláilte go hlonduchtach – Speictriméadracht Astaíochta Adamhaí, ICP-AES (EN 15510); nó</p> <p>— Plasma Cúpláilte go hlonduchtach – Speictriméadracht Astaíochta Adamhaí tar éis díleá faoi bhrú, ICP-AES (EN 15621).</p> |  |  |  |  |  |
|--|--|--|---|--|--|--|--|--|

(<sup>1</sup>) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: <https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports>

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/968 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 16 Meitheamh 2021**

**maidir le hathnuachan a dhéanamh ar údarú crágaigh since d'analóg hidrocса meitiainín mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 335/2010**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis an bhforas agus na nósanna imeachta chun an t-údarú sin a dheonú agus a athnuachan.
- (2) Le Rialachán (AE) Uimh. 335/2010 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> údaraíodh crágach since d'analóg hidrocса meitiainín ar feadh 10 mbliana mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh iarratas isteach chun athnuachan a dhéanamh ar údarú crágaigh since d'analóg hidrocса meitiainín mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch i gcatagóir na mbreiseán dar teideal “breiseáin chothaitheacha”. Bhí na sonraí agus na doiciméid a éilítear faoi Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas.
- (4) Bunaithe ar an tuairim ón Údarás Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (“an tÚdarás”) an 18 Samhain 2020 <sup>(3)</sup>, faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe, níl éifeacht dhíobhálach ag crágach since d'analóg hidrocса meitiainín ar shláinte ainmhithe, ar shábháilteacht tomhaltóirí ná ar an gcomhshaol. Chinn an tÚdarás freisin go bhfuil riosca maidir leis an mbreiseán don úsáideoir trí ionanálú agus gur íogróir craicinn é. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine a chosc, go háirithe a mhéid a bhaineann le húsáideoirí an bhreiseáin. An cruthúnas maidir le héifeachtúlacht an bhreiseáin ar a raibh an t-údarú tosaigh bunaithe, tá sé fós bailí i gcás an nós imeachta athnuachana. Rinne an tÚdarás fíorú freisin ar an tuarascáil faoi mhodh anailíse an bhreiseáin beathaithe agus é i mbeatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (5) Léirítear leis an measúnú ar chrágach since d'analóg hidrocса meitiainín go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le húdarú, dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart údarú an bhreiseáin sin a athnuachan.
- (6) Mar thoradh ar an athnuachan ar údarú crágaigh since d'analóg hidrocса meitiainín mar bhreiseán beathaithe, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 335/2010 a aisghairm.
- (7) Thug sealbhóir an údaraithe roinnt modhnuithe le fios sa phróiseas monaraíochta. Ós rud é nach gá, ar chúiseanna sábháilteachta, na modhnuithe ar na coinníollacha údaraithe maidir le crágach since d'analóg hidrocса meitiainín a chur i bhfeidhm láithreach, is iomchuí idirthrémhse a cheadú do na páirtithe leasmhara ionas gur féidir leo iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as athnuachan an údaraithe a chomhlíonadh.
- (8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

<sup>(1)</sup> IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 335/2010 ón gCoimisiún an 22 Aibreán 2010 maidir le húdarú crágaigh since d'analóg hidrocса meitiainín mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 102, 23.4.2010, lch. 22).

<sup>(3)</sup> EFSA Journal 2020;18(12):6337.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir le húdarú an bhreiseáin a shonraítear san Iarscríbhinn, breiseán a bhaineann le catagóir na mbreiseán dar teideal “breiseáin chothaitheacha” agus leis an bhfeidhmghrúpa dar teideal “comhdhúile de riandúile”, déantar an t-údarú sin a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

1. Maidir le crágach since d’analóg hidrocса meitiainín agus réamh-mheascáin a bhfuil sé iontu, ar táirgí iad a táirgeadh agus ar cuireadh lipéad orthu roimh an 7 Eanáir 2022 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 7 Iúil 2021 féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.
2. Maidir le hábhair bheatha agus beatha chumaisc ina bhfuil crágach since d’analóg hidrocса meitiainín, ar táirgí iad a táirgeadh agus ar cuireadh lipéad orthu roimh an 7 Iúil 2022 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 7 Iúil 2021, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina bhfuil sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.
3. Maidir le hábhair bheatha agus beatha chumaisc ina bhfuil crágach since d’analóg hidrocса meitiainín, ar táirgí iad a táirgeadh agus ar cuireadh lipéad orthu roimh an 7 Iúil 2023 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 7 Iúil 2021, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina bhfuil sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.

*Airteagal 3*

Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 335/2010.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Meitheamh 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN



| Uimhir<br>aithean-<br>tais an<br>bhrei-<br>seáin                                 | Ainm<br>shealbhóir an<br>údaraithe | Breiseán  | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach,<br>tuairisc, modh anailíse   | Speiceas<br>nó<br>catagóir<br>ainmí | Uasteor-<br>ainn aoise | Íoschion   | Uaschion   | Forálacha eile   | Deireadh<br>thréimhse an<br>údaraithe |
|--|------------------------------------|---|---|-------------------------------------|------------------------|--|--|--|---------------------------------------|
|  |                                    |   |   |                                     |                        | Cion na heiliminte (Zn) i mg/kg<br>d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil<br>cion taise 12 % |  |  |                                       |
| <b>Catagóir: breiseáin chothaitheacha. Feidhmghrúpa: comhdhúile de riandúile</b> |                                    |   |   |                                     |                        |  |  |  |                                       |
| 3b610  | -                                  | Crágach since<br>d'analóg<br>hiodrocsa<br>meitiamín | <b>Tréithriú na substaintí gníomhaí:</b><br>Crágach since d'analóg hiodrocsa meitiamín<br>ina bhfuil 17 % sinc agus 79 % (2-hiodrocsa-<br>4-meiltia) aigéad bítánóch.<br>An t-uaschion nicile: 1,7 ppm.<br>Foirm sholadach.<br><br><b>Modh anailíse</b> (1):<br>Maidir leis an analóg hiodrocsa meitiamín atá<br>sa bhreiseán beathaithe a chainníochtú:<br>— Tíotraméadracht, toirtmheascadh poit-<br>éinsiméadrach tar éis imoibriú dí-ocsaíd-<br>iúcháin ocsaídíúcháin;<br>Maidir le cion iomlán na since atá sa bhreiseán<br>beathaithe a chainníochtú:<br>— Speictriméadracht astaíochta adamhaí le<br>plasma cúpláilte go hionduchtach, ICP-<br>AES (EN 15510 nó EN 15621) nó<br>— Speictriméadracht ionsú adamhaigh, ASS<br>(EN ISO 6869) nó<br>Maidir le cion iomlán na since sna réamh-<br>mheascáin a chainníochtú:<br>— Speictriméadracht astaíochta adamhaí le<br>plasma cúpláilte go hionduchtach, ICP-<br>AES (EN 15510 nó EN 15621) nó<br>— Speictriméadracht ionsú adamhaigh, ASS<br>(EN ISO 6869) nó<br>— Speictriméadracht astaíochta adamhaí le<br>plasma cúpláilte go hionduchtach,<br>ICP-MS (EN 17053); | Gach<br>speiceas                    | -                      | -  | Madraí agus cait:<br>200 (iomlán)<br>Salmainidí agus<br>bainne púdrach le<br>haghaidh laonna:<br>180 (iomlán)<br>Bainbh, cránacha,<br>coiníní, gach iasc<br>seachas salmainidí:<br>150 (iomlán)<br>Speicis eile agus<br>catagóirí: 120<br>(iomlán) | 1. Déanfar an breiseán a<br>ionchorprú i mbeatha<br>i bhfoirm réamh-<br>mheascáin.<br><br>2. Féadfar crágach since<br>d'analóg hiodrocsa<br>meitiamín a chur ar<br>an margadh agus a<br>úsáid mar bhreiseán a<br>bhfuil ullmhóid ann.<br><br>3. Ar mhaithe le húsáid-<br>eoirí na mbreiseán<br>agus na réamh-<br>mheascán, bunóidh<br>oibreoirí gnólachtaí<br>beathaithe nósanna<br>imeachta oibríochtúla<br>agus bearta eag-<br>raíochtúla chun agh-<br>aidh a thabhairt ar<br>rioscaí a d'fhéadfadh<br>eascairt as ionanálú,<br>teagmháil dheirmeach<br>nó teagmháil súl, go<br>háirithe i ngeall ar<br>chion na miotal trom | 7.7.2031                              |

|  |  |  |  |  |  |  |  |  |  |
|--|--|--|--|--|--|--|--|--|--|
|  |  |  | <p>Maidir le cion iomlán na since in ábhair bheatha agus i mbeatha cumaisc a chainníochtú:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— Speictriméadracht astaíochta adamhaí le plasma cúpláilte go hionduchtach, ICP-AES (EN 15510 nó EN 15621) nó</li> <li>— Speictriméadracht Ionsú Adamhaigh, ASS (Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún, (larscríbhinn IV-C) nó ISO 6869) nó</li> <li>— Speictriméadracht astaíochta adamhaí le plasma cúpláilte go hionduchtach, ICP-MS (EN 17053).</li> </ul> |  |  |  |  | <p>lena n-áirítear nicil. I gcás nach féidir na rioscaí sin a laghdú go leibhéal inghlactha leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, is le trealamh cosanta pearsanta cuí a úsáidfean an breiseán agus na réamh-mheascáin.</p> |  |
|--|--|--|--|--|--|--|--|--|--|

(<sup>1</sup>) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: <https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports>

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/969 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 16 Meitheamh 2021**

**maidir le húdarú L-tréoinín arna tháirgeadh ag *Escherichia coli* CGMCC 13325 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 déantar foráil maidir le húdarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis an bhforas agus na nósanna imeachta chun an t-údarú sin a dheonú.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh iarratas isteach chun L-tréoinín arna tháirgeadh ag *Escherichia coli* CGMCC 13325 a údarú mar bhreiseán beathaithe lena úsáid i mbeatha le haghaidh gach speicis ainmhíoch. Bhí na sonraí agus na doiciméid a éilítear faoi Airteagal 7(3) den Rialachán sin ag gabháil leis an iarratas sin.
- (3) Baineann an t-iarratas le húdarú L-tréoinín arna tháirgeadh ag *Escherichia coli* CGMCC 13325 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch, ar breiseán é atá le haicmiú i gcatagóir na mbreiseán dar teideal “breiseáin chothaitheacha”.
- (4) Chinn an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (“an tÚdarás”) ina thuairim an 18 Samhain 2020 <sup>(2)</sup>, faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe, nach bhfuil tionchar díobhálach ag L-tréoinín arna tháirgeadh ag *Escherichia coli* CGMCC 13325 ar shláinte ainmhithe, ar shláinte tomhaltóirí ná ar an gcomhshaol. Níorbh fhéidir leis teacht ar aon chonclúid maidir leis an bhféidearthacht atá ag L-tréoinín arna tháirgeadh ag *Escherichia coli* CGMCC 13325 le bheith ina íogróir craicinn agus ina ghreannaitheoir craicinn agus súl, agus luaigh sé go bhfuil riosca ann d’úsáideoirí an bhreiseáin maidir le hiontocsainí trí ionanálú. Dá bhrí sin, ba cheart bearta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine a chosc, go háirithe a mhéid a bhaineann le húsáideoirí an bhreiseáin. Ina theannta sin, chinn an tÚdarás gur foinse éifeachtúil L-tréoinín (ar aimíonaigéad riachtanach é) é an breiseán le haghaidh gach speicis ainmhíoch agus gur cheart é a chosaint ar dhíghrádú cogansaí chun go mbeidh sé chomh éifeachtúil céanna i gcás na speiceas athchogantach agus atá i gcás na speiceas neamh-athchogantach. Ní mheasann an tÚdarás go bhfuil gá le ceanglais shonracha maidir le faireachán iarmhargaidh. Chomh maith leis sin, an tuarascáil faoin modh anailíse i leith an bhreiseáin beathaithe agus é i mbeatha, tuarascáil arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, rinne an tÚdarás an tuarascáil sin a fhíorú.
- (5) Léirítear leis an measúnú ar L-tréoinín arna tháirgeadh ag *Escherichia coli* CGMCC 13325 go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le húdarú, dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid an bhreiseáin sin a údarú mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn, ar substaint í a bhaineann leis an gcatagóir breiseán dar teideal “breiseáin chothaitheacha” agus leis an bhfeidhmghrúpa dar teideal “aimíonaigéid, a gcuid salann agus analóga”, údaraítear í mar bhreiseáin beathaithe i gcothú ainmhithe faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

<sup>(1)</sup> IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.

<sup>(2)</sup> EFSA Journal 2020;18(12):6332.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Meitheamh 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

| Uimhir<br>aitheantais an<br>bhreiseáin | Ainm<br>shealbhóir<br>an údaraithe | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle<br>cheimiceach, tuairisc, modh<br>anailíse. | Speiceas nó<br>catagóir ainmhí | Uasteorainn<br>aoise | Íoschion   | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh<br>thréimhse an<br>údaraithe |
|--|------------------------------------|----------|---|--------------------------------|----------------------|--|----------|----------------|---------------------------------------|
|  |                                    |          |   |                                |                      | mg/kg d'ábhar beatha<br>iomlán ina bhfuil cion<br>taise 12 % |          |                |                                       |

## An catagóir breiseán cothaitheach. Feidhmghrúpa: aimíonaigéid, a gcuid salann agus analóga.

|       |   |            |   |               |   |   |   |  |          |
|-------|---|------------|---|---------------|---|---|---|--|----------|
| 3c411 | - | L-tréoinín | <p><b>Comhdhéanamh an bhreiseáin:</b><br/>Púdar le híoschion 98 %<br/>L-tréoinín agus uaschion cion taise 1 %</p>   | Gach speiceas | - | - | - | <ol style="list-style-type: none"> <li>1. Féadfar L-tréoinín a chur ar an margadh agus a úsáid mar bhreiseán a bhfuil ullmhóid ann.</li> <li>2. Féadfar L-tréoinín a úsáid trí uisce óil.</li> <li>3. Ar lipéad an bhreiseáin déanfar an méid seo a leanas a shonrú cion taise.</li> <li>4. Le cion iontocsaine an bhreiseáin agus leis an acmhainneacht atá aige deannach a tháirgeadh, áiritheofar gurb é 1 600 IU iontocsainí/m<sup>3</sup>aeir an nochtadh iontocsaine uasta <sup>(2)</sup>.</li> <li>5. Ar lipéad an bhreiseáin agus an réamh-mheascáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: 'Agus forlíonadh á dhéanamh le L-tréoinín, go háirithe trí uisce óil, ba cheart gach aimíonaigéad atá riachtanach agus gach aimíonaigéad atá riachtanach go coinníollach a chur san áireamh chun míchothromaíochtaí a sheachaint.'</li> </ol> | 7.7.2031 |
|       |   |            | <p><b>Tréithriú na substainte gníomhaí:</b><br/>L-tréoinín arna tháirgeadh trí choipeadh le choipeadh le <i>Escherichia coli</i> CGMCC 13325<br/>Foirmle cheimiceach: C<sub>4</sub>H<sub>9</sub>NO<sub>3</sub><br/>Uimhir CAS: 72-19-5.</p>   |               |   |   |   |  |          |
|       |   |            | <p><b>Modhanna anailíse <sup>(1)</sup>:</b><br/>Maidir le L-tréoinín sa bhreiseán beathaithe a chinneadh:<br/>— Codex na gCeimiceán Bia dar teideal 'L-tréoinín monagraf', agus<br/>— crómatagrafaíocht malartaíthe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath optúil (IEC-VIS/FLD) – EN ISO 17180.</p> |               |   |   |   |  |          |

|  |  |  |  |  |  |  |  |  |
|--|--|--|--|--|--|--|--|--|
|  |  |  | <p>Maidir le tréoinín i réamh-mheascáin a chinneadh:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— crómatagrafaíocht malartaíthe ian cúpláilte le díorhúchán iarcholúin agus brath optúil (IEC-VIS/FLD) – EN ISO 17180, agus</li> <li>— crómatagrafaíocht malartaíthe ian cúpláilte le díorhúchán iarcholúin agus brath optúil (IEC-VIS), Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún (Iarscríbhinn III, F).</li> </ul> <p>Maidir le tréoinín i mbeatha cumaisc agus in ábhair bheathaithe a chinneadh:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— crómatagrafaíocht malartaíthe ian cúpláilte le díorhúchán iarcholúin agus brath optúil (IEC-VIS/): Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún (Iarscríbhinn III, F).</li> </ul> <p>Maidir le tréoinín in uisce a chinneadh:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— crómatagrafaíocht malartaíthe ian cúpláilte le díorhúchán iarcholúin agus brath optúil (IEC-VIS/FLD).</li> </ul> |  |  |  | <p>6. Ar mhaithe le húsáideoirí na mbreiseán agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nós-anna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú, teagmháil súl nó teagmháil dheirmeach. Igcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú an oiread agus is féidir leis na nós-anna imeachta agus na bearta sin, úsáidfean an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don análú, do na súile agus don chraiceann.</p> |  |
|--|--|--|--|--|--|--|--|--|

<sup>(1)</sup> Tá sonraí faoi na modhanna anailíse ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: <https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports>

<sup>(2)</sup> Nochtadh arna ríomh ar bhonn leibhéal iontocsaine an bhreiseán agus na hacmhainneachta atá aige deannach a tháirgeadh, agus i gcomhréir leis an modh a úsáideann EFSA (*EFSA Journal* 2015;13(2):4015); modh anailíse: Pharmacopoeia Eorpach 2.6.14. (iontocsainí baictéaracha).

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/970 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 16 Meitheamh 2021**

**Iena gcuirtear allmhairí de cheanglóirí áirithe iarainn nó cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir clárú**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad <sup>(1)</sup> (“an bun-Rialachán”), agus go háirithe Airteagal 14(5) de,

Tar éis na Ballstáit a chur ar an eolas,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 21 Nollaig 2020, d’fhógair an Coimisiún Eorpach (“an Coimisiún”), le fógra arna fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* <sup>(2)</sup> (“an fógra tionscnaimh”), tionscnamh imeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí ceanglóirí áirithe iarainn nó cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (“an t-imeacht frithdhumpála”) isteach san Aontas tar éis gearán a thaisc Institiúid Ceanglóirí Tionscail na hEorpa (“EIFI” nó “an gearánach”) an 6 Samhain 2020 thar ceann táirgeoirí arb iad is cúis le breis agus 25 % den táirgeadh iomlán san Aontas de cheanglóirí iarainn nó cruach.

**1. TÁIRGE ATÁ FAOI RÉIR CLÁRÚ**

- (2) Is é an táirge atá faoi réir clárú (“an táirge lena mbaineann”) ceanglóirí áirithe iarainn nó cruach, seachas cruach dhosmálta i.e. scriúna adhmaid (gan scriúna cóiste san áireamh), scriúna féintapála, scriúna agus boltaí eile ar a bhfuil cinn (cibé acu atá nó nach bhfuil a gcuid cnónna nó leicneán ag gabháil leo, ach gan scriúna ná boltaí chun ábhar foirgníochta ráillí iarnróid a dheisiú san áireamh), agus leicneáin, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (“an tSín” nó “an tír lena mbaineann”). Aicmítear an táirge seo faoi láthair faoi chóid CN 7318 12 90, 7318 14 91, 7318 14 99, 7318 15 58, 7318 15 68, 7318 15 82, 7318 15 88, ex 7318 15 95 (cóid TARIC 7318 15 95 19 agus 7318 15 95 89), ex 7318 21 00 (cóid TARIC 7318 21 00 31, 7318 21 00 39, 7318 21 00 95 agus 7318 21 00 98) agus ex 7318 22 00 (cóid TARIC 7318 22 00 31, 7318 22 00 39, 7318 22 00 95 agus 7318 22 00 98). Is chun críche faisnéise amháin a thugtar na cóid AC agus TARIC.

**2. IARRAIDH**

- (3) An 22 Eanáir 2021, thíolaic an gearánach iarraidh ar chlárú de bhun Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán. D’iarr an gearánach go gcuirfí allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir clárú ionas gur féidir bearta a chur i bhfeidhm i gcoinne na n-allmhairí sin go cúlghabhálach ó dháta an chlárúithe sin, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile a leagtar amach sa bhun-Rialachán.
- (4) An 11 Márta 2021, sholáthair an gearánach staitisticí nuashonraithe allmhairí mar thacaíocht dá iarraidh ar chlárú.
- (5) Chuir dhá allmhaireoir/dháileoir ceanglóirí (Roth Blaas Srl agus Eurotec GmbH) agus comhlachas amháin a dhéanann ionadaíocht ar dháileoirí ceanglóirí (Comhlachas Dáileoirí Ceanglóirí na hEorpa nó “EFDA”) barúlacha isteach mar fhreagra ar an iarraidh. D’iarr EFDA éisteacht a tharla an 9 Márta 2021. Chomh maith leis sin, d’iarr Roth Blaas Srl agus Eurotec GmbH éisteacht a tharla an 11 Bealtaine 2021.

**3. NA FORAIS LE CLÁRÚ A DHÉANAMH**

- (6) De réir Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán, féadfaidh an Coimisiún treoir a thabhairt do na húdaráis chustaim na céimeanna iomchuí a thabhairt chun allmhairí a chlárú, ionas go bhféadfar bearta a chur i bhfeidhm dá éis sin i gcoinne na n-allmhairí sin ó dháta an chlárúithe sin, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile a leagtar amach sa bhun-Rialachán. Féadfar allmhairí a chur faoi réir clárú tar éis iarraidh a fháil ón tionscal de chuid an Aontais ina bhfuil fianaise leordhóthanach chun údar a thabhairt chuige sin.

<sup>(1)</sup> IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

<sup>(2)</sup> IO C 442, 21.12.2020, lch. 6.

- (7) Líomhain an gearánach, ar bhonn na staitisticí a bhí ar fáil, go raibh méadú suntasach ar allmhairí tar éis na tréimhse imscrúdúcháin (“TI”) (mí Iúil 2019 go mí an Mheithimh 2020) i leith an imscrúdaithe reatha, méadú ar dócha go mbainfidh sé an bonn go mór d’éifeacht cheartaitheach na ndleachtanna cinntitheacha féideartha. Thairis sin, rinne an gearánach an argóint go raibh na hallmhairí ar an eolas faoi chleachtais dumpála na dtíortha lena mbaineann, nó gur cheart iad a bheith ar an eolas fúthu, i bhfianaise stair dhumpála an táirge lena mbaineann <sup>(3)</sup>
- (8) Rinne an Coimisiún scrúdú ar an iarraidh i bhfianaise Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán. D’fhóirigh an Coimisiún cé a bhí nó nach raibh na hallmhairí ar an eolas, nó ba cheart nó nár cheart dóibh a bheith ar eolas, faoin dumpáil maidir le méid na dumpála agus na díobhála a líomhnaítear a rinneadh nó a fuarthas amach a rinneadh. Rinne sé anailís freisin féachaint an raibh méadú suntasach breise ar allmhairí ar méadú é, i bhfianaise an trátha a tharla sé, a mhéid agus cúinsí eile, ar dócha go mbainfeadh sé an bonn go mór d’éifeacht cheartaitheach na dleachta frithdhumpála cinntithe atá le cur i bhfeidhm.

### 3.1. Feasacht na n-allmhairí faoin dumpáil, faoi mhéid na dumpála agus faoin díobháil a líomhnaítear a rinne siad nó faoi stair dhumpála

- (9) Ag an bpointe seo, tá fianaise leordhóthanach ag an gCoimisiún go bhfuil allmhairí an táirge lena mbaineann ón tSín á ndumpáil. Chuir an gearánaí fianaise leordhóthanach ar dhumpáil ar fáil, bunaithe ar chomparáid a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin (ar leibhéal díreach ón monarcha) an táirge lena mbaineann nuair a dhíoltar é lena onnmhairiú chuig an Aontas. Ar an iomlán agus i bhfianaise mhéid na gcorrlach dumpála a líomhnaítear a rinneadh, corrlaigh atá idir 126 % agus 270 %, chuir an fhianaise sin tacaíocht leordhóthanach ar fáil go ndéanann na tairgeoirí onnmhairiúcháin dumpáil.
- (10) Ina theannta sin, cuireadh fianaise leordhóthanach ar fáil sa ghearán ar dhíobháil a líomhnaítear a rinneadh do thionscal an Aontais, díobháil lena n-áirítear forbairt dhiúltach ar phríomhtháscairí feidhmíochta i leith thionscail an Aontais.
- (11) Bhí an fhaisnéis sin sa leagan neamhrúnda den ghearán agus san Fhógra tionscnaimh le haghaidh na himeachta seo a foilsíodh an 21 Nollaig 2020 <sup>(4)</sup> araon Foilsíú an fhógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, is rud é a fhágann gur doiciméad poiblí é a bhfuil rochtain ag gach allmhairí air. Thairis sin, ina gcáil mar pháirtithe leasmhara san imscrúdú tá rochtain ag allmhairí ar an leagan neamhrúnda den ghearán agus ar an gcomhad neamhrúnda. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go raibh allmhairí ar an eolas, ar an mbonn sin, faoin dumpáil agus faoi mhéid na dumpála chomh maith leis an díobháil a líomhnaítear a rinneadh, nó gur cheart dóibh a bheith ar an eolas faoin méid sin.
- (12) An dá allmhairí a luaitear in aithris (5), mhaígh siad nach raibh aon fhianaise ann go raibh na hallmhairí ar an eolas faoi mhéid na dumpála agus na díobhála a líomhnaítear a rinneadh, nó gur cheart dóibh a bheith ar an eolas faoi. Mhaígh an dá allmhairí go háirithe go raibh an fhianaise a chuir an gearánaí ar fáil faoi dhumpáil agus faoin díobháil dá deasca teoranta don fhianaise arna cur ar fáil sa ghearán agus chun go mbeadh “feasacht” i gceist theastódh go mbeadh “eolas deimhneach” ann faoin bhfíric go ndearnadh allmhairí a dhumpáil, faoi mhéid na dumpála agus faoin díobháil de thoradh na dumpála sin. Dhearbhagh EFDA agus Comhlachas Tráchtála na Síne um Allmhairí agus Onnmhairí Innealra agus Táirgí Leictreonacha (“CCCME”) ina theannta sin nach raibh cruthúnas ann go raibh sé ar eolas ag na hallmhairí go raibh gearán á ullmhú ag EIFI, ná go raibh imscrúdú á thionscnamh, agus dá bhrí sin nach raibh aon chruathúnas ann go raibh allmhairí ar an eolas faoin dumpáil dhíobhálach a bhí ar siúl.
- (13) Mhaígh na páirtithe céanna nach raibh stair dhumpála i gceist, agus is rud é ar dhírigh siad aird air chuige sin cinneadh Chomhlacht um Réiteach Díospóide EDT nach bhfuil an dumpáil dhíobhálach a bunaíodh in 2009 <sup>(5)</sup> i gcomhréir le Comhaontú frithdhumpála EDT <sup>(6)</sup>.

<sup>(3)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 91/2009 ón gComhairle an 26 Eanáir 2009 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de cheanglóirí áirithe iarainn nó cruach ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad (IO L 29, 31.1.2009, lch. 1) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/519 ón gCoimisiún an 26 Márta 2015 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de cheanglóirí áirithe iarainn nó cruach ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, dleacht a leathnaítear amach chun allmhairí de cheanglóirí áirithe iarainn nó cruach arna gcoinsíniú ón Malaeis a chuimsiú, cibé acu a dhearbhaítear nó nach ndearbhaítear gur de thionscnamh na Malaeise iad, tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 (IO L 82, 27.3.2015, lch. 78).

<sup>(4)</sup> Fógra tionscnaimh maidir le himeacht frithdhumpála a bhaineann le hallmhairí ceanglóirí áirithe iarainn nó cruach ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad (IO C 442, 21.12.2020, lch. 6).

<sup>(5)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 91/2009 ón gComhairle an 26 Eanáir 2009 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de cheanglóirí áirithe iarainn nó cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 29, 31.1.2009, lch. 1)

<sup>(6)</sup> Comhlacht Réiteach Díospóide EDT: Tuarascáil an Phainéil, WT/DS397/RW, an 7 Lúnasa 2015 agus Tuarascáil an Bhuanchomhlachta Achomhairc, AB-2015-7, WT/DS397/AB/RW, an 18 Eanáir 2016.



- (14) Mar a leagtar amach in aithris (11), le foilsiú an fhógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, cuireadh allmhaireoirí ar an eolas faoin dumpáil, nó ba cheart ar a laghad an foilsiú sin a fhágáil go raibh siad ar an eolas faoin dumpáil. Is doiciméad poiblí é an Fógra Tionscnaimh a bhfuil rochtain ag gach páirtí leasmhar air, na hallmhaireoirí san áireamh. Thairis sin, ina gcáil mar pháirtithe leasmhara tá rochtain ag na hallmhaireoirí ar an leagan neamhrúnda den ghearán. In ainneoin dhearbhu na bpáirtithe sin, níl aon cheangal sa bhun-Rialachán go mbeadh “eolas deimhneach” faoi dhumpáil i gceist, ná go mbeadh cruthúnas ann gurb amhlaidh b’eol dóibh gur comhdaíodh an gearán agus/nó gur tionscnaíodh an t-imscrúdú, mar go sonraítear in Airteagal 10(4)(c) “nó go mba cheart é a bheith ar an eolas faoi” ionas go gcuimsítear na cásanna nach amhlaidh atá allmhaireoirí ar an eolas faoi dhumpáil ach inar cheart iad a bheith ar an eolas fúithi. Sa bhreis ar an bhFógra Tionscnaimh a bheith foilsithe measann an Coimisiún gurb amhlaidh a bhí na hallmhaireoirí in ann eolas deimhneach a bheith acu faoin bhfianaise atá ar fáil faoin dumpáil dhíobhálach nó gur cheart ar a laghad go mbeidís ar an eolas faoin bhfianaise sin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.
- (15) Thairis sin, murab ionann agus an méid a mhol na páirtithe leasmhara lena mbaineann, ní cheanglaítear le hAirteagal 10(4) den bhun-Rialachán gur tháinig an Coimisiún ar thoradh deimhneach san am atá thart gur tharla dumpáil dhíobhálach. Is leor go raibh allmhaireoirí ar an eolas faoin dumpáil, faoi mhéid na dumpála agus faoin díobháil a líomhnaítear a rinneadh, nó gur cheart dóibh a bheith ar an eolas faoin méid sin. Ba amhlaidh go deimhin san imscrúdú atá leagtha amach in aithris (14) faoi láthair. Dá bhrí sin diúltaíodh don mhaíomh sin freisin.
- (16) Maidir le stair na dumpála, ós rud é go measann an Coimisiún go gcomhlíontar an ceanglas maidir le hallmhaireoirí a bheith ar an eolas faoi dhumpáil, ní gá anailís a dhéanamh ar cibé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar an ceanglas sin go mbeadh stair dhumpála i gceist, mar gur ceanglas malartach sin a bhaineann leis an gceanglas feasachta faoi Airteagal 10(4)(c) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, tá an maíomh sin gan agóid.
- (17) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur comhlíonadh an critéar maidir le clárú in Airteagal 10(4)(c) den bhun-Rialachán.

### 3.2. Méadú breise suntasach ar allmhairí

- (18) Rinne an Coimisiún anailís ar an gcritéar sin in Airteagal 10(4)(d) den bhun-Rialachán bunaithe ar na sonraí staidrimh a bhaineann le hallmhairí den táirge lena mbaineann ón tSín atá ar fáil i mbunachar Surveillance 2. Chun a mheasúnú ar tharla méadú suntasach breise ó tionscnaíodh an t-imscrúdú, is é an chéad rud a rinne an Coimisiún na tréimhsí a bhí le cur i gcomparáid le chéile a shainiú. Ar thaobh amháin, rinne sé measúnú ar na sonraí allmhairiúcháin ón tSín ó thionscnamh an imscrúdaithe frithdhumpála (i.e. an pointe ama a bhí allmhaireoirí ar an eolas faoi chleachtais dumpála nó ba cheart dóibh a bheith ar an eolas fúthu) anall go dtí an tréimhse is déanaí dá raibh ar fáil, i.e. an tréimhse idir mí Eanáir 2021 agus mí Aibreáin 2021. Ar an taobh eile, bhreithnigh an Coimisiún na hallmhairí Síneacha le haghaidh na tréimhse céanna le linn TI, mar aon leis na meánmhéideanna míosúla allmhairiúcháin in TI iomlán.
- (19) Léiríonn an chomparáid gurb í seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an meánmhéid míosúil allmhairiúcháin ón tSín:

Tábla 1

#### Méideanna allmhairí ó na tíortha lena mbaineann (tonaí)

| Méideanna allmhairí (meán míosúil) | Tréimhse imscrúdaithe (mí Iúil 2019 – mí an Mheithimh 2020) | mí Eanáir – mí Aibreáin 2020 | mí Eanáir – mí Aibreáin 2021 | Deilte  |  |
|------------------------------------|---|------------------------------|------------------------------|---|--|
|                                    |   |                              |                              | mí Eanáir – mí Aibreáin 2021 vs Tréimhse imscrúdaithe | mí Eanáir – mí Aibreáin 2021 vs mí Eanáir – mí Aibreáin 2020 |
| An tSín                            | 20 040  | 18 583                       | 26 528                       | + 32 %  | + 43 %   |

Foinse: Bunachar sonraí Surveillance 2

- (20) Ar bhonn na sonraí staidrimh sin, chinn an Coimisiún go raibh meánmhéid míosúil allmhairithe an tairge lena mbaineann ón tSín sa tréimhse ó mhí Eanáir 2021 go mí an Mhárta 2021, i.e. tar éis thionscnamh an imscrúdaithe frithdhumpála, 32 % níos airde ná na meánallmhairí míosúla le linn TI agus 43 % níos airde ná le linn na tréimhse chéanna an bhliain roimhe sin.
- (21) Mhaígh EFDA nach raibh aon mhéadú suntasach ar allmhairí, agus é ag díriú airde ar an ngearán a léirigh laghdú ar allmhairí ón tSín idir 2019 agus TI agus ag dearbhú nach léireofaí ach sreafaí trádála stairiúla in aon mhéadú tar éis TI agus nach léireodh aon mhéadú in 2020 ach téarnamh an mhargaidh tar éis na marbhántachta de thoradh phaindéim COVID19. Mhaígh EFDA freisin mar gheall ar sholáthar easpach de cheanglóirí caighdeánacha san Aontas Eorpach, gurbh éigean d'allmhairí na táirgí úd a allmhairiú ón tSín ós í sin an t-aon fhoirse inmharthana soláthair a bhí ann Chuir siad leis an méid sin gur allmhairigh tionscal an Aontais ceanglóirí caighdeánacha, agus dá bhrí sin gurbh é an tionscal sin é féin ba chúis leis an méadú ar allmhairí, go páirteach ar a laghad. Sa deireadh, d'áitigh EFDA nach ndearna allmhairí na Síne ach áit allmhairí ó thríú tíortha eile a ghlacadh.
- (22) Ar an gcaoi chéanna, d'áitigh CCCME nár tháinig aon mhéadú ar allmhairí idir 2019 agus TI agus mhaígh sé cé gur tháinig méadú ar allmhairí idir 2019 agus 2020 nach féidir a mheas gur méadú substaintiúil atá ann, go háirithe agus é á chur san áireamh gur tháinig laghdú ar iomlán na n-allmhairí (an tSín agus tríú tíortha eile) le linn na tréimhse sin. Mhaígh CCCME freisin nár shonraí ionadaíochta iad na sonraí a chuir an gearánaí ar fáil ina iarratas ar chláru, mar gur bhain siad le lastais a ordáíodh agus a seoladh cheana roimh dheireadh TI agus sular tionscnaíodh an t-imscrúdú. Líomhain CCCME freisin gurb é tionscal an Aontais féin ba chúis leis an méadú ar allmhairí, go páirteach ar a laghad.
- (23) Mhaígh an dá allmhairí thuasluaite nach méadú suntasach a tháinig ar allmhairí agus in aon chás gurb é an t-údar a bhí leis méadú a tháinig ar an éileamh ar cheanglóirí tar éis marbhántacht i margadh an Aontais sa chéad leath de 2020 de thoradh phaindéim COVID-19. Mhaígh siad freisin go raibh laghdú ar thairiscintí lastais agus ar an spás coimeádán a bhí ar fáil mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus mar thoradh air sin go raibh ardú suntasach ar chostais lastais. D'fhág sé sin gur éirigh sé níos deacra lastais a fháil ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus nach rogha inmharthana a bhí sa stoc-charnadh.
- (24) Dhearbhaigh EFDA nár tharla aon stoc-charnadh san Aontas, agus gurb é a mhalairt a bhí ann sa mhéid go raibh deacrachtaí ag roinnt ball de EFDA freastal ar éilimh a gcuid custaiméirí san Aontas mar gheall ar an gcás deacair atá ann maidir leis an soláthar, cás a dtugtar tuairisc bhreise air in aithris (44).
- (25) Mar a leagtar amach in aithris (18), an tréimhse tar éis thionscnamh an imscrúdaithe reatha (mí Eanáir 2021 go mí an Mhárta 2021), mheas an Coimisiún gurb í an tréimhse sin ba cheart a bheith mar thagairt chun measúnú a dhéanamh maidir le méadú ar allmhairí, mar is ón tréimhse sin i leith atá allmhairí ar an eolas faoi chleachtais dumpála, nó is ó shin i leith is ceart dóibh a bheith ar an eolas faoi na cleachtais sin. Mar a léirítear i dTábla 1 thuas, an chomparáid idir an treocht allmhairiúcháin i gcaitheamh na dtír mhí tar éis thionscnamh an imscrúdaithe agus an treocht sa tréimhse chéanna de TI ar thaobh amháin, agus idir na trí mhí tar éis thionscnamh an imscrúdaithe agus an meán míosúil le linn TI ar an taobh eile, is comparáid í a léiríonn méadú suntasach ar allmhairí, méadú atá os cionn 30 % sa dá chás.
- (26) An argóint maidir le héileamh an Aontais ar an tairge lena mbaineann de thoradh phaindéim COVID-19, níl sí ag baint go díreach le hábhar maidir lena mheasúnú cibé acu a tháinig nó nár tháinig méadú suntasach ar allmhairí de bhun Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán, rud ar critéar oibiachtúil é agus nach dteastaíonn measúnú ar na cúiseanna atá leis an méadú lena aghaidh. In aon chás, fiú dá mbeadh an argóint sin ábhartha, tugann an Coimisiún dá aire gur tháinig méadú 35 % freisin ar allmhairí den tairge lena mbaineann ón tSín tar éis tionscnaimh an imscrúdaithe (mí Eanáir go mí an Mhárta 2021) i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2019 (roimh an bpaindéim). Dá bhrí sin ní dhearbhaíonn na staitisticí atá ar fáil, in aon chás, na líomhaintí a rinneadh nach léiríonn an méadú ar allmhairí ach téarnamh tar éis na marbhántachta a bhí i margadh an Aontais roimhe sin. Ní hé sin atá i gceist, ach é seo – tá an méadú ar allmhairí chomh soiléir céanna i gcomparáid leis an méid allmhairí le linn na chéad trí mhí de 2019, i.e. nuair nach raibh difear déanta don mhargadh de dheasca na paindéime.
- (27) Ó thaobh an mhaímh maidir leis an gcás atá ann san Aontas i ndáil leis an soláthar, is ceist é sin freisin nach bhfuil ag baint go díreach le hábhar i gcomhthéacs an chritéir oibiachtúil maidir leis an méadú ar allmhairí faoi Airteagal 10(4)(d) den bhun-Rialachán i ndáil le clárú allmhairí. Is féidir ceisteanna dá leithéid a bheith ábhartha agus féadfar iad a mheasúnú i gcomhthéacs leas an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, bhí an maíomh sin neamhábhartha agus níor ghá dul i ngleic leis sa chomhthéacs seo.

- (28) Maidir leis an argóint nach rogha inmharthana a bheadh sa stoc-charnadh mar thoradh ar an gcostas iompair ardaithe, ní thagann na staitisticí allmhairiúcháin leis an maíomh sin, sa mhéid is go léiríonn siad méadú suntasach ar allmhairí sna chéad trí mhí tar éis thionscnamh an imscrúdaithe, mar a léirítear thuas i dTábla 1. In aon chás ní dhéanfadh an maíomh sin difear don cheanglas maidir le méadú breise ar allmhairí, ar critéar oibiachtúil é. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.
- (29) I bhfianaise na gceisteanna thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur comhlíonadh an dara critéar maidir le clárú freisin.

### 3.3. An bonn a bhaint d'éifeacht cheartaitheach na dleachta

- (30) Tá fianaise leordhóthanach ag an gCoimisiún go mbeadh díobháil bhreise ann de thoradh méadú leanúnach ar allmhairí ón tSín, rud lena mbaineann an trátha a bheadh an méadú sin ag tarlú, a mhéid agus cúinsí eile freisin, agus gur dócha dá bhrí sin go mbainfeadh an méadú sin an bonn go mór d'éifeachtaí ceartaitheacha na ndleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a d'fhéadfadh a bheith ann.
- (31) Mar a léirítear in aithrisí (18) go (29), tá fianaise leordhóthanach ann go bhfuil méadú suntasach tagtha ar allmhairí an táirge lena mbaineann ina n-iomláine sa tréimhse tar éis thionscnamh an imscrúdaithe. Tugann méid substainteach an mhéadaithe sin le fios cheana féin gur dóchúil go mbainfí an bonn d'éifeacht cheartaitheach na dleachta cinntithe dá gcomhlíonfaí na coinníollacha dlíthiúla.
- (32) Maidir le praghsanna allmhairí, de réir bhunachar sonraí Surveillance 2 tháinig ardú 6,0 % ar an meánphraghas allmhairí ón tír lena mbaineann nuair a chuirtear an tréimhse idir mí Eanáir 2021 agus mí Aibreáin 2021 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna sa bhliain roimhe sin, agus tháinig ardú 7,3 % air nuair a chuirtear í i gcomparáid leis an meán míosúil sa tréimhse imscrúdúcháin, mar a léirítear i dTábla 2 thíos.

Tábla 2

#### Pragsanna allmhairí ón tír lena mbaineann (EUR/tona)

| An Meánphraghas allmhairí | An Tréimhse imscrúdúcháin (Iúil 2019 – Meitheamh 2020) | Eanáir – Aibreán 2020. | Eanáir – Aibreán 2021 | Méadú ar phraghsanna (%) Eanáir – Aibreán 2021 vs Tréimhse imscrúdaithe | Méadú ar phraghsanna (%) Eanáir – Aibreán 2021 vs Eanáir 2020 – Aibreán 2020 |
|---------------------------|--|------------------------|-----------------------|---|--|
| An tSín                   | 1 484  | 1 465                  | 1 573                 | 6,0 %   | 7,3 %  |

- (33) Mar sin féin, ní mór an méadú sin ar phraghsanna a mheas i gcomhthéacs méadaithe atá tagtha ar an bpríomh-amhábhair le haghaidh an táirge lena mbaineann agus méadaithe atá tagtha ar na costais lastais idirnáisiúnta, dhá mhéadú a thosaigh sa dara leath de 2020 mar atá shonraítear thíos.
- (34) Maidir leis na hamhábhair, tá an tairge lena mbaineann déanta de chruach den chuid is mó, eadhon cornaí teorollta. De réir na faisnéise atá ar fáil ag an gcéim seo, is é 70 % cuid na cruach den chostas iomlán as ceanglóirí a mhonarú. Mhéadaigh ar phraghas na cruach ar fud an domhain idir mí Aibreáin 2020 agus mí Aibreáin 2021; méadú os cionn 50 % a bhí i gceist sna príomh-mhargáí go léir <sup>(7)</sup>. Ní eisceacht atá sa tSín, agus an méadú a tháinig ar phraghsanna cornaí teorollta idir mí Aibreáin 2020 agus mí Aibreáin 2021, is méadú 74 % atá ann <sup>(8)</sup>. An méadú ar phraghas an tairge lena mbaineann arna allmhairiú ón tSín sna chéad 3 mhí de 2021 (i.e. 6,1 % i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2020 nó 4,9 % i gcomparáid leis an meánluach míosúil in TI), is ísle i bhfad an méadú sin ná an méadú domhanda ar chostas an príomh-amhábhair sin, eadhon cornaí teorollta (74 %). Dá bhrí sin, nuair a mheastar sa chomhthéacs sin, ní leor an méadú sin ar phraghsanna ar chor ar bith chun an méadú ollmhór ar phraghas na n-amhábhair a aisghabháil, rud a léiríonn an-spealadh ó thaobh praghsanna de agus ar dócha dá bhrí sin go mbainfeadh an bonn dá bharr den dleacht chinntitheach frithdhumpála a d'fhéadfadh a bheith ann.

<sup>(7)</sup> <https://www.fitchratings.com/research/corporate-finance/global-steel-price-rally-will-be-short-lived-02-02-2021>; <https://tradingeconomics.com/commodity/steel>; <https://ihsmarkit.com/solutions/steel-forecast.html>

<sup>(8)</sup> <https://www.investing.com/commodities/shfe-hot-rolled-coil-futures-historical-data>

- (35) Ó thaobh lastais, chuir na páirtithe leasmhara in iúl gur éirigh costais loingseoireachta domhanda thar a bheith costasach sa dara leath de 2020, go háirithe i ndáil le loingseoireacht idir an Áise agus an Eoraip. Is minic b'ionann an méadú sin agus 150 %, agus tá fianaise air ar fáil go poiblí <sup>(9)</sup>. Is ionann costais lastais agus thart ar 3 % den chostas sonraisc chun na hEorpa, bunaithe ar fhreagraí neamhdheimhnithe na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a sampláladh. Mar sin, breis agus leath an mhéadaithe a fheictear atá tagtha ar phraghsanna allmhairí an táirge lena mbaineann, tugtar le tuiscint go bhfuil a fhios cheana céard is cúis léi, mar atá an t-athrú ar na costais lastais. Nuair a chuirtear an cúinse eile sin san áireamh tugtar le tuiscint gur laghdú a tháinig i ndáiríre ar phraghas an táirge lena mbaineann, mar is chun leas sholáthraí na seirbhísí loingseoireachta atá tionchar an lastais, agus gur rud é atá lasmuigh de chumhacht praghsála na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin.
- (36) Anuas air sin, tharla an méadú ar phraghsanna i gcomhthéacs inar léirigh an fhianaise *prima facie* corrlach sladghearrtha idir 27 % agus 72 % agus corrlach gearrdhíola idir 41 % agus 251 %. Dá bhrí sin, d'fhan na leibhéil praghsanna ar allmhairí ar leibhéal an-díobhálach agus chuaigh siad i laghad fiú i dtéarmaí coibhneasta, i bhfianaise an mhéadaithe dhomhanda ar chostais cruach agus lastais.
- (37) Na méideanna breise móra allmhairí a taifeadadh tar éis thionscnamh an imscrúdaithe, tá dóchúlacht an-ard ann gurb é an toradh a bheidh orthu sin go dtiocfaidh méadú ar an sciar den mhargadh atá ag allmhairí na Síne.
- (38) Mhaígh an dá allmhaireoir thuasluaite, EFDA agus CCCME, nach dócha gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais ná go mbeadh allmhairí na Síne ina gcúis leis an díobháil sin. Dhearbhaigh an dá allmhaireoir nach mbeadh aon fhianaise ar dhíobháil ábhartha sa ghearán. Thagair EFDA agus CCCME don Chúirt Ghinearálta <sup>(10)</sup>, agus an measúnú ar cé acu a bhaineann nó nach mbaineann allmhairí “an bonn go mór d'éifeacht cheartaitheach na ndleacht”, dúirt siad gur measúnú é inar chóir don Choimisiún a mheasúnú cibé acu a bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais, agus nach bhfuil aon fhianaise den sórt sin sa ghearán.
- (39) D'áitigh CCCME ina theannta sin nach bhféadfadh aon ardú ar allmhairí “an bonn a bhaint go mór d'éifeacht cheartaitheach na ndleachtanna” mar go dtáirgeann tionscal an Aontais ceanglóirí speisialta den chuid is mó nach raibh san iomaíocht leis na hallmhairí ón tSín ar ceanglóirí caighdeánacha iad den chuid is mó.
- (40) Maidir leis an maíomh sin, mheas an Coimisiún, mar a leagtar amach san fhógra tionscnaimh, go bhfuil fianaise *prima facie* leordhóthanach sa ghearán a léiríonn gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de thoradh allmhairí an táirge lena mbaineann as an tSín agus mar sin diúltaíodh do na hargóintí sin.
- (41) Maidir le maíomh CCCME nach raibh allmhairí na Síne san iomaíocht le díolachán tionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais, ní raibh aon fhianaise ag tacú leis sin agus tá sé ag teacht salach ar an bhfianaise *prima facie* arna soláthar sa ghearán, fianaise a léirigh méadú ar allmhairí dumpáilte ón tSín a tharla ag an am céanna a bhí cás tionscal an Aontais ag dul i ndonas, mar a leagtar amach san fhógra tionscnaimh. Dá bhrí sin diúltaíodh don mhaíomh sin.
- (42) Ar bhonn a bhfuil thuas, an méadú breise ar allmhairí ón tSín tar éis thionscnamh an imscrúdaithe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go dtugann na heilimintí go léir thuas le fios gur dócha go mbainfidh an méadú sin an bonn go mór d'éifeachtaí ceartaitheacha na ndleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a d'fhéadfadh a bheith ann, conclúid ar ar tháinig sé i bhfianaise an trátha atá an méadú sin ag tarlú, a mhéid agus cúinsí eile freisin. Dá bhrí sin, comhlíonadh an critéar sin in Airteagal 10(4)(d) den bhun-Rialachán chomh maith.

#### 3.4. Argóintí eile a rinne na páirtithe leasmhara

- (43) Mhaígh an dá allmhaireoir thuasluaite gur cheart go mbeadh an fhianaise a bheadh riachtanach chun clárú de chaighdeán níos airde ná an fhianaise a bheadh riachtanach chun tionscnaimh, go háirithe i bhfianaise chur i bhfeidhm cúlghabhálach féideartha na ndleachtanna.
- (44) Mhaígh EFDA go mbeadh bailiú cúlghabhálach na ndleachtanna cinntitheacha contrártha do leas an Aontais. D'áitigh siad ar an gcéad dul síos, nach mbeadh tionscal an Aontais in ann ceanglóirí caighdeánacha a sholáthar, agus dá bhrí sin gur ghá na ceanglóirí caighdeánacha sin a fháil ón tSín. Sa chomhthéacs seo, dhearbhaigh EFDA go n-éireodh sé níos deacra de réir a chéile ceanglóirí a fhoinsiú ón tSín mar gheall ar na téarmaí fada seachadta, ar dhiúltú onnmhaireoirí na Síne ceanglóirí a sholáthar go dtí go mbeidh toradh an imscrúdaithe reatha ann, ar an easpa acmhainneachta breise sa tSín, agus an easpa coimeádán ón Áise, easpa atá dul i ndonas de bharr bhlocáil

<sup>(9)</sup> <https://www.ft.com/content/ad5e1a80-cecf-4b18-9035-ee50be9adfc6>

<sup>(10)</sup> Breithiúnas maidir le Stencor London agus Samac Steel Supplies v an Coimisiún, T-749/16, ECLI:EU:T:2019:310, mír 83.

Chanáil Suaise. Thagair EFDA freisin do ghanntanas foriomlán amh-ábhar le haghaidh táirgeoirí ceanglóirí san Aontas, agus don fhóras nach mbeadh aon fhoinsé inmharthana soláthair eile ar fáil seachas an tSín. Ar an dara dul síos, dhearbhaigh EFDA, mar gheall ar an droch-chás atá ann maidir leis an soláthar, go mbeadh éifeacht dhíobhálach ag clárú allmhairí agus forchur beart sealadach ar an tionscal iartheachtach, agus nach gá dleachtanna cinntitheacha a bhailiú go cúlghabhálach ó dháta an chláraithe amach.

- (45) Ar an gcaoi chéanna, d'áitigh CCCME gur ar éigean a bhíonn ceanglóirí caighdeánacha ar fáil san Aontas agus nárbh ann d'aon fhoinsé inmharthana soláthair eile seachas an tSín.
- (46) Maidir le caighdeán na fianaise i gcomhair clárú, rinne an Coimisiún anailís ar shonraí staidrimh ó bhunachar sonraí Surveillance 2 chomh maith le faisnéis eile a bhí aige a léirigh méadú substaintiúil ar allmhairí ar phraghsanna arb amhlaidh a leibhéal agus gur mhór ba dhócha go mbeidís díobhálach. Tá an fhianaise sin iomlán iontaoifa agus níl sé cruthaithe ag na páirtithe sin cén chaoi nach mbeadh an fhianaise sin iontaoifa nó cén fhianaise ab fhearr a bheadh ar fáil agus nár úsáideadh. Dá bhrí sin diúltaíodh don mhaíomh sin.
- (47) Maidir le caighdeán na fianaise arna héileamh i gcomhthéacs Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán, bhunaigh an Coimisiún a chuid conclúidí ar an bhfianaise ab fhearr atá ar fáil faoi láthair, lena n-áirítear an gearán ar tionscnaíodh an t-imscrúdú dá bharr. Ní éilítear go mbeadh torthaí dearfacha i gceist chuige sin, mar is é an chaoi a bhfuil na torthaí sin nach bhféadfaí teacht orthu go brách roimh fhorchur beart sealadach. Dá nglacfaí aon chur chuige eile bhainfí a *effet utile* go hiomlán den uirlis chlárúcháin. Maidir leis na nithe eile a mhaígh EFDA, baineann siad le bailiú cúlghabhálach dleachtanna cinntitheacha agus/nó le forchur beart sealadach. An cinneadh bearta sealadacha a fhorchur agus ina dhiaidh sin an cinneadh féideartha dleachtanna a bhailiú go cúlghabhálach ar bhonn an rialacháin clárúcháin sin, tugann an Coimisiún dá aire gur cinntí iad sin nach nglacfar go dtí céim níos déanaí san imeacht. Dá bhrí sin meastar na nithe sin a maíodh a bheith neamhábhartha i gcomhthéacs an rialacháin clárúcháin seo. Is amhlaidh an cás maidir le maíomh a bhaineann le leas an Aontais, rud a dtugann an Coimisiún dá aire go bhfuil sé ar cheann de na coinníollacha chun bearta frithdhumpála sealadacha nó cinntitheacha a fhorchur i gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, ach nach gá anailís a dhéanamh air agus measúnú á dhéanamh ar an ngá atá le hallmhairí a chlárú nó dleachtanna cinntitheacha a chur i bhfeidhm go cúlghabhálach. Dá bhrí sin, bhí an t-éileamh sin neamhábhartha agus níor ghá dul i ngleic leis sa chomhthéacs seo.
- (48) Luaigh EFDA go gceanglaítear go sonrath in Airteagal 14(5a) den bhun-Rialachán go gcomhlíonfaí coinníollacha Airteagal 10(4)(c) agus (d) den bhun-Rialachán. I bhfocail eile, d'áitigh sé gur cheart na critéir sin a chur san áireamh i gcinneadh ón gCoimisiún allmhairí a chlárú agus freisin nuair a chláraítear allmhairí faoi Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán, is é sin le rá nuair a bhíonn sé bunaithe ar iarraidh ag tionscal an Aontais.
- (49) Tugtar faoi deara, mar a leagtar amach in aithris (8), i gcomhréir leis an reachtaíocht agus a chleachtadh leanúnach ó thaobh Airteagal 14(5) a chur i bhfeidhm, gur scrúdaigh an Coimisiún an iarraidh ar chlárú i bhfianaise Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán ina leagtar síos na coinníollacha substaintiúla chun dul ar aghaidh le clárú. De réir mar a thuairiscítear go mionsonraithe in aithrisí (9) go (42), measadh gur comhlíonadh Airteagal 10(4)(c) agus (d) den bhun-Rialachán agus mar sin diúltaíodh don mhéid a mhaígh EFDA i ndáil leis sin.

### 3.5. Cearta cosanta agus nochta

- (50) Faisnéis bhreise áirithe a sholáthair EIFI maidir lena iarraidh ar chlárúcháin, mhaígh EFDA agus CCCME nár cuireadh ar fáil í do na páirtithe leasmhara go dtí roinnt seachtainí ina dhiaidh, rud a chiallaíonn nach mbeidís in ann a gcearta dlisteanacha cosanta a chleachtadh.
- (51) Mhaígh CCCME freisin gur cheart don Choimisiún aon chinneadh maidir le hallmhairí a chlárú a nochtaidh sách luath roimh ré agus ar an gcaoi sin ceadú do pháirtithe leasmhara barúil a thabhairt ar an gcinneadh.
- (52) An fhaisnéis neamhrúnda arna soláthar ag an ngearánaí, tugann an Coimisiún dá aire gurb amhlaidh a cuireadh ar fáil í do pháirtithe leasmhara a thug barúlacha breise. Ghlac an Coimisiún leis na barúlacha sin go léir agus rinne sé measúnú orthu sular ghlac sé cinneadh. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur deonaíodh cearta cosanta na bpáirtithe go hiomlán i ndáil leis sin.
- (53) Maidir leis an iarraidh ar nochtaidh roimh ré, tugtar faoi deara nach bhforáiltear do chéim den sórt sin leis an mbun-Rialachán agus nach gceanglaítear a leithéid leis an Rialachán sin. De réir Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán, féadfaidh an Coimisiún treoir a thabhairt do na húdaráis chustaim na céimeanna iomchú a ghlacadh chun allmhairí a chlárú tar éis iarraidh a fháil ina bhfuil fianaise leordhóthanach chun údar a thabhairt chuige sin. Tugtar faoi deara

freisin gurb amhlaidh a thugtar deis do pháirtithe leasmhara le hAirteagal 1(3) den Rialachán seo barúlacha a thabhairt agus éisteacht a fháil laistigh de 21 lá óna dháta foilsithe. Ar deireadh, tugann an Coimisiún le fios freisin maidir le haon chinneadh bearta frithdhumpála cinntitheacha a fhorchur go cúlghabhálach go nochtfar do pháirtithe leasmhara é i gcomhréir le hAirteagal 10(5) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, diúltaíodh don iarraidh sin.

#### 4. NÓS IMEACHTA

- (54) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil fianaise leordhóthanach ann chun údar a thabhairt le hallmhairí an táirge lena mbaineann a chur faoi réir clárú i gcomhréir le hAirteagal 14(5) den bhun-Rialachán.
- (55) Iarrtar ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl i scríbhinn agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil. Féadfaidh an Coimisiún éisteacht le páirtithe leasmhara, ar choinníoll go ndéanann siad iarraidh i scríbhinn agus go dtaispeánann siad go bhfuil cúiseanna ar leith ann le héisteacht a thabhairt dóibh.

#### 5. CLÁRÚ

- (56) Faoi Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán, ba cheart allmhairí an táirge lena mbaineann a chur faoi réir clárú chun a áirithiú go bhféadfar na dleachtanna sin a ghearradh go cúlghabhálach, má chomhlíontar na coinníollacha is gá, ar na hallmhairí cláraithe i gcomhréir leis na forálacha dlí is infheidhme, i gcás ina mbeadh torthaí ar na himscrúduithe as a dtiocfadh forchur dleachtanna frithdhumpála.
- (57) Aon dliteanas a bheadh ann amach anseo, is as torthaí an imscrúdaithe frithdhumpála a thiocfadh sé.
- (58) Na líomhaintí sa ghearán lenar iarradh imscrúdú frithdhumpála a thionscnamh, is éard a mheasann siad go bhfuil corrlaigh dhumpála idir 126 % agus 270 % ann, agus go bhfuil leibhéal díothaithe díobhála ann idir 41 % agus 251 % ann le haghaidh an táirge lena mbaineann. De ghnáth, dhéanfaí méid an dliteanais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a shocrú ar an leibhéal is ísle de na leibhéil sin de réir Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán.

#### 6. PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA

- (59) Sonraí pearsanta ar bith a bailíodh i gcomhthéacs an chlárúcháin seo, déanfar iad a láimhseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup> maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

- Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim, faoi Airteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2016/1036, na céimeanna iomchuí a ghlacadh chun allmhairí ceanglóirí áirithe iarainn nó cruach a chlárú, seachas cruach dhosmálta i.e. scriúnná adhmaid (gan scriúnná cóiste san áireamh), scriúnná féintapála, scriúnná agus boltaí eile ar a bhfuil cinn (cibé acu atá nó nach bhfuil a gcuid cnónna nó leicneán ag gabháil leo, ach gan scriúnná ná boltaí chun ábhar foirgníochta ráillí iarnróid a dheisiú san áireamh), agus leicneáin. Tagann na táirgí seo faoi láthair faoi chóid CN 7318 12 90, 7318 14 91, 7318 14 99, 7318 15 58, 7318 15 68, 7318 15 82, 7318 15 88, ex 7318 15 95 (cóid TARIC 7318 15 95 19 agus 7318 15 95 89), ex 7318 21 00 (cóid TARIC 7318 21 00 31, 7318 21 00 39, 7318 21 00 95 agus 7318 21 00 98) agus ex 7318 22 00 (cóid TARIC 7318 22 00 31, 7318 22 00 39, 7318 22 00 95 agus 7318 22 00 98) agus is de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.
- Rachaidh an clárúchán in éag naoi mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.
- Iarrtar ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl i scríbhinn, fianaise thacaíochta a sholáthar nó éisteacht a iarraidh laistigh de 21 lá ó dháta foilsithe an Rialacháin seo.

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Meitheamh 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

## TREORACHA

### TREOIR CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/971 ÓN gCOIMISIÚN an 16 Meitheamh 2021

**lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 66/401/CEE ón gComhairle maidir le síol plandaí farae a mhargú, Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 66/402/CEE ón gComhairle maidir le síol gránach a mhargú, Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2002/54/CE ón gComhairle maidir le síol biatais a mhargú, Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2002/55/CE ón gComhairle maidir le síol glasraí a mhargú agus Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2002/57/CE ón gComhairle maidir le síol plandaí ola agus plandaí snáithín a mhargú, a mhéid a bhaineann le húsáid teicnící bithcheimiceacha agus móilíneacha**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 66/401/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1966 maidir le síol plandaí farae a mhargú <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 21a de,

Ag féachaint do Threoir 66/402/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1966 maidir le síol gránach a mhargú <sup>(2)</sup>, agus go háirithe Airteagal 21b de,

Ag féachaint do Threoir 2002/54/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le síol biatais a mhargú <sup>(3)</sup>, agus go háirithe Airteagal 27 de,

Ag féachaint do Threoir 2002/55/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le síol glasraí a mhargú <sup>(4)</sup>, agus go háirithe Airteagal 45 de,

Ag féachaint do Threoir 2002/57/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le síol plandaí ola agus plandaí snáithín a mhargú <sup>(5)</sup>, agus go háirithe Airteagal 24 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le Treoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 2002/54/CE, 2002/55/CE agus 2002/57/CE, ní fhéadfar síol na speiceas faoi seach a mhargú san Aontas ach amháin má rinneadh é a scrúdú agus a dheimhniú go hoifigiúil nó faoi mhaoirseacht oifigiúil, i gcomhréir leis na rialacha maidir le deimhniúcháin i ndáil leis an tsíl réamhbhunúsach, an síl bhunúsach nó an tsíl dheimhniúcháin a ghiniúint.
- (2) I gcomhréir le Treoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 2002/54/CE, 2002/55/CE agus 2002/57/CE, tá an scrúdú le haghaidh deimhniúcháin bunaithe ar bhreathnú leis an tsúil ar fheinitíopa an bhairr ar an láthair ag údarás deimhniúcháin gach Ballstáit nó faoina mhaoirseacht agus an rialú oifigiúil iar-aimseartha. Ní thagraítear go sainráite sna Treoracha thuasluaite, áfach, d'úsáid aon teicníc eile le haghaidh seiceáil ar an láthair ná seiceáil rialaithe iar-aimseartha i leith sainaitheantas cineáil i gcomhthéacs an deimhniúcháin, rud a d'fhéadfadh easpa soiléireachta a chruthú maidir lena chur chun feidhme.
- (3) Le teicnící bithcheimiceacha agus móilíneacha ("TBM") is féidir faisnéis a léiriú maidir le struchtúr géiniteach orgánach beo. Le húsáid TBM, cuirtear ar chumas na n-údarás deimhniúcháin an cineál planda a shainaithint ar bhonn anailíse saotharlainne seachas ar bhreathnú leis an tsúil ar fheinitíopa na bplandaí ar an láthair.
- (4) Tá forbairt thapa á déanamh ar TBM i bpóru plandaí agus i dtástáil síolta agus tá méadú ag teacht ar an tábhacht a bhaineann lena n-úsáid in earnáil na síolta. Le Scéimeanna Síolta na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) <sup>(6)</sup>, leagtar síos nósanna imeachta, bearta agus teicnící chun gur féidir TBM a úsáid mar uirlis fhorlíontach le haghaidh iniúchtaí ar an láthair agus le haghaidh tástála ar dháileacht talún chóimheasa, i gcás ina bhfuil éiginnteacht ann maidir le sainaitheantas chineál an tsíl, chun críche scrúdú feinitíopach.

<sup>(1)</sup> IO 125, 11.7.1966, lch. 2298.

<sup>(2)</sup> IO 125, 11.7.1966, lch. 2309.

<sup>(3)</sup> IO L 193, 20.7.2002, lch. 12.

<sup>(4)</sup> IO L 193, 20.7.2002, lch. 33.

<sup>(5)</sup> IO L 193, 20.7.2002, lch. 74.

<sup>(6)</sup> Scéimeanna Síolta ECFE; Rialacha agus Rialachán 2021, Rialacha Coiteanna agus Rialachán 7.4.5, lch. 3, <https://www.oecd.org/agriculture/seeds/documents/oecd-seed-schemes-rules-and-regulations.pdf>, agus Scéimeanna Síolta ECFE; Guidelines for control plot tests and field inspection for seed crops, July 2019., Part III, p. 31 (Treoirlínte le haghaidh tástála ar dháileacht talún chóimheasa agus le haghaidh iniúchadh ar an láthair maidir le barr síl, Iúil 2019., Cuid III, lch. 31), <https://www.oecd.org/agriculture/seeds/documents/guidelines-control-plot-and-field-inspection.pdf>



- (5) Agus é á chur san áireamh go n-éascaíonn úsáid TBM an anailís bhreise ar shíol agus ar phlandaí, is iomchuí Treoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 2002/54/CE, 2002/55/CE agus 2002/57/CE a leasú chun úsáid TBM a cheadú go sainráite mar mhodh forlíontach chun sainaitheantas an chineáil atá i gceist a scrúdú, i gcás ina bhfuil éiginnteacht fós ann i ndiaidh iniúchtaí ar an láthair agus rialú oifigiúil iar-aimseartha. Tá sé sin riachtanach chun dlí an Aontais a oiriúnú d'fhorbairt an eolais eolaíoch agus theicniúil agus chun reachtaíocht an Aontais a ailíniú leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme atá ionchorpraithe i Scéimeanna Síolta ECFE.
- (6) Níor cheart tagairt a dhéanamh i dTreoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 2002/54/CE, 2002/55/CE agus 2002/57/CE ach do TBManna atá aitheanta ag an Aontas Idirnáisiúnta um Chosaint Cineálacha Nua Plandaí (UPOV), ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) agus ag an gComhlachas Idirnáisiúnta um Thástáil Síolta (ISTA) chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go comhsheasmhach córasach na TBManna sin i gcomhréir leis an bhfianaise eolaíoch agus theicniúil is nuashonraithe óir is iad na heagraíochtaí sin a shocraíonn na caighdeáin ábhartha TBM atá aitheanta go hoifigiúil i ndáil leis sin.
- (7) Dá bhrí sin, ba cheart na hlarscríbhinní ábhartha a ghabhann le Treoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 2002/54/CE, 2002/55/CE agus 2002/57/CE a leasú dá réir sin, chun soiléireacht a áirithiú go bhféadfar TBM a úsáid freisin i gcás ina bhfuil éiginnteacht fós ann maidir le sainaitheantas chineáil an tsíl.
- (8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Treoir seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

#### **Leasuithe ar Threoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 2002/54/CE, 2002/55/CE agus 2002/57/CE**

Leasaítear Treoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 2002/54/CE, 2002/55/CE agus 2002/57/CE mar a leanas:

- (1) Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 66/401/CEE i gcomhréir le Cuid A den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo;
- (2) Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 66/402/CEE i gcomhréir le Cuid B den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo;
- (3) Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2002/54/CE i gcomhréir le Cuid C den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo;
- (4) Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2002/55/CE i gcomhréir le Cuid D den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo;
- (5) Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2002/57/CE i gcomhréir le Cuid E den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

#### *Airteagal 2*

#### **Trasú**

1. Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 31 Lúnasa 2022 ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón 1 Meán Fómhair 2022.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhóralacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

#### *Airteagal 3*

#### **Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4***Seolaithe**

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Meitheamh 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

## IARSCRÍBHINN

**Leasuithe ar Threoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 2002/54/CE, 2002/55/CE agus 2002/57/CE, dá dtagraítear in Airteagal 1**

## CUID A

**Leasú ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 66/401/CEE**

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 66/401/CEE, cuirtear isteach an pointe 7 seo a leanas:

- “7. Tar éis chur chun feidhme phointí 4 agus 6, i gcás ina bhfuil éiginnteacht ann i gcónaí maidir le sainaitheantas chineáil an tsíl, féadfaidh an t-údarás deimhniúcháin úsáid a bhaint as teicníc bhithcheimiceach nó mhóilíneach a aithnítear go hidirnáisiúnta agus is féidir a atáirgeadh, i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme, chun an sainaitheantas sin a scrúdú.”

## CUID B

**Leasú ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 66/402/CEE**

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 66/402/CEE, cuirtear isteach an pointe 8 seo a leanas:

- “8. Tar éis chur chun feidhme phointí 3 agus 7, i gcás ina bhfuil éiginnteacht ann i gcónaí maidir le sainaitheantas chineáil an tsíl, féadfaidh an t-údarás deimhniúcháin úsáid a bhaint as teicníc bhithcheimiceach nó mhóilíneach a aithnítear go hidirnáisiúnta agus is féidir a atáirgeadh, i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme, chun an sainaitheantas sin a scrúdú.”

## CUID C

**Leasú ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2002/54/CE**

I gcuid A. Barr d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2002/54/CE, cuirtear isteach an pointe 5a seo a leanas idir pointí 5 agus 6:

- “5a. Tar éis chur chun feidhme phointí 2 agus 5, i gcás ina bhfuil éiginnteacht ann i gcónaí maidir le sainaitheantas chineáil an tsíl, féadfaidh an t-údarás deimhniúcháin úsáid a bhaint as teicníc bhithcheimiceach nó mhóilíneach a aithnítear go hidirnáisiúnta agus is féidir a atáirgeadh, i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme, chun an sainaitheantas sin a scrúdú.”

## CUID D

**Leasú ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2002/55/CE**

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2002/55/CE, cuirtear isteach an pointe 3a seo a leanas idir pointí 3 agus 4:

- “3a. Tar éis chur chun feidhme phointí 1, 2 agus 3, i gcás ina bhfuil éiginnteacht ann i gcónaí maidir le sainaitheantas chineáil an tsíl, féadfaidh an t-údarás deimhniúcháin úsáid a bhaint as teicníc bhithcheimiceach nó mhóilíneach a aithnítear go hidirnáisiúnta agus is féidir a atáirgeadh, i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme, chun an sainaitheantas sin a scrúdú.”

## CUID E

**Leasú ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2002/57/CE**

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2002/57/CE, cuirtear isteach an pointe 3a seo a leanas idir pointí 3 agus 4:

- “3a. Tar éis chur chun feidhme phointí 1 agus 3, i gcás ina bhfuil éiginnteacht ann i gcónaí maidir le sainaitheantas chineáil an tsíl, féadfaidh an t-údarás deimhniúcháin úsáid a bhaint as teicníc bhithcheimiceach nó mhóilíneach a aithnítear go hidirnáisiúnta agus is féidir a atáirgeadh, i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme, chun an sainaitheantas sin a scrúdú.”

# CINNÍ

## CINNEADH (AE) 2021/972 ÓN gCOMHAIRLE

an 14 Meitheamh 2021

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Ghinearálta na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir leis an iarraidh ón Aontas Eorpach go gcuirfear síneadh ama le tarscaoileadh EDT lena gceadaítear fabhair uathrialacha trádála do na Balcáin Thiar**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun mhír 2 d'Airteagal II den Chomhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ("Comhaontú EDT"), is codanna lárnacha de Chomhaontú EDT iad na comhaontuithe agus na hionstraimí dlíthiúla gaolmhara atá ar áireamh in Iarscríbhinní 1, 2 agus 3 ("Comhaontuithe Trádála Iltaobhacha") a ghabhann leis, lena n-áirítear an Comhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil 1994 (CGTT 1994), atá ina gceangal ar gach Comhalta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT), lena n-áirítear an tAontas.
- (2) De bhun mhír 1 d'Airteagal IV de Chomhaontú EDT, féadfaidh EDT cinntí a ghlacadh maidir le gach ábhar a chumhdaítear faoi aon cheann de na Comhaontuithe Trádála Iltaobhacha.
- (3) I gcomhréir le mír 3 d'Airteagal IX de Chomhaontú EDT, féadfaidh EDT a chinneadh, faoi chúinsí eisceachtúla, oibleagáid arna forchur ar Chomhalta ag Comhaontú EDT nó ag aon cheann de na Comhaontuithe Iltaobhacha Trádála a tharscaoileadh.
- (4) Deonaíodh tarscaoileadh óna chuid oibleagáidí don Aontas faoi mhír 1 d'Airteagal I de CGTT 1994 den chéad uair an 8 Nollaig 2000 go dtí an 31 Nollaig 2006, ar cuireadh síneadh ama leis go deireanach an 7 Nollaig 2016 go dtí an 31 Nollaig 2021, a mhéid is gá chun go dtabharfaí cead don Aontas cóir fhabhrach a thabhairt do tháirgí incháilithe de thionscnamh na mBalcáin Thiar (an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv \*, Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh agus an tSeirbia).
- (5) An 16 Nollaig 2020, le Rialachán (AE) 2020/2172 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (1), cuireadh síneadh ama eile leis an tréimhse ina gcuirfear fabhair uathrialacha trádála i bhfeidhm do na Balcáin Thiar go dtí an 31 Nollaig 2025.
- (6) In éagmais tarscaoileadh oibleagáidí EDT, níor mhór cur i bhfeidhm fabhar uathrialach trádála an Aontais do na Balcáin Thiar go dtí an 31 Nollaig 2025 a leathnú chun gach Comhalta eile de EDT a chumhdach.
- (7) Maidir leis an iarraidh chun tarscaoileadh oibleagáidí EDT faoi mhír 1 d'Airteagal I agus Airteagal XIII de CGTT 1994 lena gceadaítear fabhair uathrialacha trádála do na Balcáin Thiar a leathnú, tá údar cúí léi i bhfianaise an achraim leanánaigh a bhaineann le staid eacnamaíoch an réigiúin agus tá sé beartaithe leis an gcóir fhabhrach i ndáil le táirgí incháilithe a thugann an tAontas do na tíortha sin forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn ar bhealach atá comhsheasmhach le cuspóirí CGTT 1994 agus gan bacainní a chruthú ar thrádáil Chomhaltaí eile EDT.

\* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le Rún 1244/1999 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus leis an Tuairim ó CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

(1) Rialachán (AE) 2020/2172 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009 ón gComhairle lena dtugtar isteach bearta eisceachtúla trádála le haghaidh tíortha agus críocha atá páirteach i bpróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais an Aontais Eorpaigh nó atá bainteach leis (IO L 432, 21.12.2020, lch. 7).

- (8) Is iomchuí an seasamh a atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Ghinearálta EDT a bhunú ós rud é go mbeidh síneadh ama an tarscaoilte EDT maidir le fabhair uathrialacha trádála arna ndeonú ag an Aontas do na Balcáin Thiar ina cheangal ar Chomhaltaí EDT,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Ghinearálta na hEagraíochta Domhanda Trádála iarraidh a dhéanamh síneadh ama a chur le tarscaoileadh reatha EDT maidir leis na fabhair uathrialacha trádála arna ndeonú ag an Aontas do na Balcáin Thiar go dtí an 31 Nollaig 2026 agus tacú le glacadh na hiarrata sin.

Cuirfidh an Coimisiún an seasamh sin in iúl.

*Airteagal 2*

Tiocfadh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 14 Meitheamh 2021.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. MENDES GODINHO

---

CEARTÚCHÁIN

Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2021/850 ón gCoimisiún an 26 Bealtaine 2021 lena leasaítear agus lena gceartaítear Iarscríbhinn II agus lena leasaítear Iarscríbhinní III, IV agus VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosmaideacha

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 188, 28 Bealtaine 2021)

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L Eagrán Speisialta Gaeilge an 28 Bealtaine 2021)

“IARSCRÍBHINN

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn II, cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

| Uimhir thagartha | Céannacht na substaintí   |                                    |             |
|------------------|---|------------------------------------|-------------|
|                  | Ainm ceimiceach/INN   | Uimhir CAS                         | Uimhir CE   |
| a                | b   | c                                  | d           |
| “1645            | Cóbalt  | 7440-48-4                          | 231-158-0   |
| 1646             | Meataildéad (ISO); 2,4,6,8-teitrimetil-1,3,5,7-teatrocsaicioglochtán  | 108-62-3                           | 203-600-2   |
| 1647             | Clóiríd mheitilmearcarach   | 115-09-3                           | 204-064-2   |
| 1648             | Beinsi[ <i>rst</i> ]peintiféin  | 189-55-9                           | 205-877-5   |
| 1649             | Débheinsi[ <i>b,def</i> ]criséin; débheinsi[ <i>a,h</i> ]piréin   | 189-64-0                           | 205-878-0   |
| 1650             | Díorthaigh ó eatánól, 2,2'-imionóibis-, N-(ailcílí C13-15-bhrainseacha agus líneacha).  | 97925-95-6                         | 308-208-6   |
| 1651             | Ciafluaimeitifein (ISO); (4-treas-búitilfeinil)-2-ciana-3-ocsó-3-( <i>α,α,α</i> -trífhluara-o-toilil)próipianáit (RS)-2- 2-meatocsa-eitile  | 400882-07-7                        | -           |
| 1652             | Taláit dhé-isiheicsile  | 71850-09-4                         | 276-090-2   |
| 1653             | Halasulfúrón-meitil (ISO); 3-clóra-5-[[4,6-démheatocsaipirimidin-2-il]carbamóil] sulfamóil]-1-meitil-1H-piorasól-4-carbocsaláit mheitile  | 100784-20-1                        | -           |
| 1654             | 2-meitilimiodasól   | 693-98-1                           | 211-765-7   |
| 1655             | Meiteaflumasón (ISO); (EZ)-2'-[2-(4-cianaifeinil)-1-( <i>α,α,α</i> -trífhluara-m-toilil)eitilidéin]-[4-(trífhluarameatocsa)feinil]carbanailihiodraisíd [E-isiméir ≥ 90 %, Z-isiméir ≤ 10 % de chion coibhneasta]; [1] (E)-2'-[2-(4-cianaifeinil)-1-( <i>α,α,α</i> -trífhluara-m-toilil)eitilidéin]-[4-(trífhluarameatocsa)feinil]carbanailihiodraisíd [2] | 139968-49-3 [1]<br>852403-68-0 [2] | -           |
| 1656             | Débhúitilbios(peantán-2,4-dé-ónáitea-O,O')stán  | 22673-19-4                         | 245-152-0”; |

(2) leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 98:

| Uimhir thagartha | Céannacht na substaintí                      |                                      |            |           | Srianta  |  |  | Foclaíocht na gcoinníollacha úsáide agus rabhadh   |
|------------------|--|--------------------------------------|------------|-----------|--|--|--|--|
|                  | Ainm ceimiceach/INN                          | Ainm Coiteann i nGluis na gComhábhar | Uimhir CAS | Uimhir CE | Cineál táirge, Na baill den chorp  | Uastíochan in ullmhóid atá réidh le húsáid | Eile   |  |
| a                | b  | c                                    | d          | e         | f  | g  | h  | i  |
| "98              | Aigéad beansóch, 2-hiodrocsa- <sup>(1)</sup> | Salicylic acid                       | 69-72-7    | 200-712-3 | (a) Táirgí sruthlaithe don ghruaig<br>(b) Táirgí eile seachas lóis choirp, scáthú súl, mascára, línitheoirí súl, béaldath, díbholaígh roll-ógacha<br>(c) Lóis choirp, scáthú súl, mascára, línitheoirí súl, béaldath, díbholaígh roll-ógacha | (a) 3,0 %<br>(b) 2,0 %<br>(c) 0,5 %        | (a) (b) (c)<br>Ná húsáidtear i dtáirgí le haghaidh leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois. Ná húsáidtear i bhfeidhmeanna de chineál a fhágann gurbh fhéidir le scamhóga an úsáideora deiridh teacht faoina lé trí ionanálú. Ná húsáidtear i dtáirgí don bhéal. Chun cuspóirí seachas cosc a chur ar fhorbairt miocrorgánach sa táirge. Ba cheart an cuspóir seo a bheith soiléir i gcur i láthair an táirge.<br>Cuirtear san áireamh sna leibhéil seo aon <i>salicylic acid</i> a úsáidtear. | (a) (b) (c)<br>Ná húsáidtear i dtáirgí le haghaidh leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois <sup>(2)</sup> |

<sup>(1)</sup> I gcás úsáid mar leasaitheach, féach Iarscríbhinn V, Uimh. 3.

<sup>(2)</sup> Le haghaidh táirgí ab fhéidir a d'úsáidfí ar leanaí faoi 3 bliana d'aois, agus lena n-aghaidh sin amháin.”;

(b) cuirtear an iontráil seo a leanas leis:

| Uimhir thagartha | Céannacht na substaintí  |                                       |  |                                       | Srianta   |  |   | Foclaíocht na gcoinníollacha úsáide agus rabhadh |
|------------------|--|---------------------------------------|--|---------------------------------------|---|--|---|--|
|                  | Ainm ceimiceach/INN  | Ainm Coiteann i nGluais na gComhábhar | Uimhir CAS                             | Uimhir CE                             | Cineál táirge, Na baill den chorp   | Uastiúchan in ullmhóid atá réidh le húsáid   | Eile  |  |
| a                | b  | c                                     | d                                      | e                                     | f   | g  | h   | i  |
| "321             | Dé-ocsaíd tíotániam i bhfoirm púdair ina bhfuil cion 1 % nó níos mó de cháithníní dar trastomhas aeradinimiciúil ≤ 10 µm | Titanium dioxide                      | 13463-67-7/<br>1317-70-0/<br>1317-80-2 | 236-675-5/<br>215-280-1/<br>215-282-2 | (a) i dtáirgí don éadan i bhfoirm púdair scaoilte<br>(b) táirgí sprae aerasóil don ghruaig<br>(c) táirgí eile | (a) 25 %;<br>(b) 1,4% i gcás tomhalt-óirí ginearálta, agus 1,1% i gcás úsáid ghairmiúil. | (a) (b)<br>I bhfoirm líoch agus san fhoirm sin amháin<br>(c)<br>Ná húsáidtear i bhfeidhmeanna de chineál a fhágann gurbh fhéidir le scamhóga an úsáideora deiridh teacht faoina lé trí ionanálú"; |  |

(3) in Iarscríbhinn IV, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 143:

| Uimhir thagartha | Céannacht na substaintí            |  |            |           | Coinníollacha |                                   |  |  | Foclaíocht na gcoinníollacha úsáide agus na rabhadh |
|------------------|------------------------------------|--|------------|-----------|---------------|-----------------------------------|--|--|---|
|                  | Ainm Ceimiceach                    | Uimhir Dhathinnéacs/ Ainm Coiteann i nGluais na gComhábhar | Uimhir CAS | Uimhir CE | Dath          | Cineál táirge, Na baill den chorp | Uastiúchan in ullmhóid atá réidh le húsáid | Eile   |   |
| a                | b                                  | c  | d          | e         | f             | g                                 | h  | i  | j   |
| "143             | Dé-ocsaíd tíotániam <sup>(1)</sup> | 77891  |            | 236-675-5 | Bán           |                                   |  | — Critéir íonachta mar a leagtar amach i dTreoir 95/45/CE ón gCoimisiún (E 171)<br>— Dé-ocsaíd tíotániam i bhfoirm púdair ina bhfuil cion 1 % nó níos mó de cháithníní dar trastomhas aeradinimiciúil ≤ 10 µm, le húsáid i gcomhréir le hIarscríbhinn III, Uimh. 321 |   |

<sup>(1)</sup> Le haghaidh úsáid mar scaire ultraivialeite, féach Iarscríbhinn VI, Uimh. 27.”;



(4) in Iarscríbhinn VI, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 27:

| Uimhir thagartha | Céannacht na substaintí             |                                       |  |                                       | Coinníollacha                    |  |  | Foclaíocht na gcoinníollacha úsáide agus na rabhadh |
|------------------|-------------------------------------|---------------------------------------|--|---------------------------------------|----------------------------------|--|--|---|
|                  | Ainm ceimiceach/ INN/XAN            | Ainm Coiteann i nGluais na gComhábhar | Uimhir CAS                             | Uimhir CE                             | Cineál táirge, Na bail den chorp | Uastiúchan in ullmhóid atá réidh le húsáid | Eile   |   |
| a                | b                                   | c                                     | d                                      | e                                     | f                                | g  | h  | i   |
| 27               | Dé-ocsaíd tíotáiniam <sup>(1)</sup> | Titanium dioxide                      | 13463-67-7/<br>1317-70-0/<br>1317-80-2 | 236-675-5/<br>215-280-1/<br>215-282-2 |                                  | 25 % <sup>(4)</sup>                        | Dé-ocsaíd tíotáiniam i bhfoirm púdair ina bhfuil cion 1 % nó níos mó de cháithníní dar trastomhas aeráidinimiciúil ≤ 10 µm, le húsáid i gcomhréir le hIarscríbhinn III, Uimh. 321. Maidir leis na cineálacha táirgí faoi litir (c) de cholún (f) in Iarscríbhinn III, Uimh. 321, beidh feidhm ag an gcoinníoll maidir le huastiúchan in ullmhóid atá réidh le húsáid, a leagtar síos i gcolún (g) den iontráil seo.” |   |

<sup>(1)</sup> Le haghaidh úsáid mar dhathán, féach Iarscríbhinn IV, Uimh. 143.’.



ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)  
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)